


# COIMISIÚN OMBUDSMAN AN GHARDA SÍOCHÁNA

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, DO1 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, DO1 FT73
Tel: (01) 871 6727 Íosghlao: 0818 600 800 Facs: (01) 814 7023 Rphost: info@gsoc.ie Gréasán: www.gardaombudsman.ie

Portráidí agus grianghraif ar an gclúdach agus i gcodanna 1-3: Corporate Photographers Dublin

# CLÁR ÁBHAR


1. Brollach 5
2. Sracfhéachaint ar 2024 7
3. Réamhrá 8
    - Ról agus Feidhmeanna GSOC 9
    - Ár bhFís, Misean agus Luachanna 10
4. Ár nAistriú chuig Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta: Pleanáil, Ullmhú agus Caidreamh le Páirtithe Leasmhara 12
    - Reachtaíocht nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 13
    - An tAistear i dtreo Fiosrú 13
    - Caidreamh le Páirtithe Leasmhara 14
5. Tuarascáil faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 16
6. Cur le hOidhreacht Láidir: Tiomantas Athnuaite don Inbhuanaitheacht 20
7. Rialachas, Airgeadas agus Rialú Inmheánach 22
    - Rialachas agus Struchtúr 23
        - An Coimisiún Ombudsman 23
        - An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta 24
        - Feidhmíocht a Sheachadadh agus Formhaoirseacht 24
    - Airgeadas 25
        - Caiteachas 25
        - Príomhphearsanra Bainistíochta 26
        - Táillí nach mbaineann le Tuarastal 26
        - Sochar Fostaithe 27
        - Comhairleacht, Costais Dlí agus Socraíochtaí 27
    - Timpeallacht Rialaithe Inmheánach 27
        - Bainistíocht Cáilíochta 27
        - Iniúchadh agus Riosca 27
    - Ráiteas um Rialú Inmheánach in GSOC 2024 29
8. Cúrsaí Foirne 32
    - Cúrsaí Foirne agus Struchtúr Eagrúcháin 33
    - Foghlaim agus Forbairt 34
9. Gearáin 36
    - An Chaoi a bhFaigheann agus a nImscrúdaíonn GSOC Gearáin 37
        - Inghlacthacht 37
        - Cineálacha Gearán 37
    - Príomhfhíricí agus Figiúirí maidir le Gearáin in 2024 38
        - An Líon Fiosrúchán 38
        - An Líon Gearán 39
        - Cinntí maidir le hInghlacthacht 41
        - Cineálacha Gearán 42

10. Imscrúduithe de bhun Gearán: Torthaí in 2024 44
Forléargas ar Thorthaí Imscrúduithe in 2024 45
Fad Ama a Glacadh chun Imscrúduithe a Dhúnadh 46
Imscrúduithe de bhun Gearán: Cás-Staidéir 2024 48
11. Imscrúduithe ar Tharchur faoi Alt 102 (Bás nó Díobháil Thromchúiseach) 56
Cén Uair a Dhéanann an Garda Síochána Tarchur chuig GSOC? 57
An Chaoi a nImscrúdaíonn GSOC Ceisteanna faoi Alt 102 57
Tarchuir a Fuarthas in 2024 58
Imscrúduithe i ndiaidh Tarchur a Tugadh chun Críche in 2024 59
12. Aonad Dlí GSOC: Ag Plé leis na Cuairteanna 62
Gníomhaíocht Dlí i ndiaidh Imscrúdú Coiriúil 63
Orduithe ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun Ionchúiseamh a Dhéanamh in 2024 63
Cásanna Coiriúla a Cinneadh sna Cúirteanna in 2024 64
Cásanna ar Feitheamh os comhair na gCúirteanna ag Deireadh 2024 65
Nochtadh Neamh-Pháirtí 65
Imscrúduithe chun Leas an Phobail 67
Imscrúduithe chun Leas an Phobail a Dúnadh agus a Tosaíodh in 2024 67
13. Idirghabháil Áitiúil 68
Idirghabháil Áitiúil: Cás-Staidéir 2024 71
14. Eolas a Thabhairt do Bheartas agus Cleachtas an Gharda Síochána 72
Moltaí Córasacha 73
An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 83
15. Nochtadh Cosanta 76
Riar Cásanna um Nochtadh Cosanta in 2024 76
Dea-Chleachtas a Roinnt go hIdirnáisiúnta 76
16. Iarrataí ar Fhaisnéis 77
17. GSOC agus Cosaint Leanaí 78
Aguisín 1: Imscrúduithe GSOC ar Láimh ag Deireadh na Bliana 2024 79
Aguisín 2: Próifíl na nGearánach in 2024 80
Aguisín 3: Inscne agus Céim na nGardaí ab Ábhar Gearán in 2024 85
Aguisín 4: Scaipeadh Geografach na nGearán agus na Líomhaintí 86
Aguisín 5: Tarchuir de réir Rannáin Garda (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath san áireamh) 88
Gluais Téarmaí agus Giorrúchán 89

# 1. BROLLACH

Ó thaobh na hoibríochta de, tá athruithe móra curtha i bhfeidhm againn ar phróiseáil gearán tríd is tríd, ón mbarr anuas agus ón mbonn aníos



Tháinig méadú mór ar ualach oibre na heagraíochta in 2024, faoin gceannteideal simplí "aistriú", chun leanúint ar aghaidh ag ullmhú do thosach feidhme an Achta nua Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail. Tharla sé sin anuas ar an líon níos airde gearán agus dianiarrachtaí na foirne uile chun laghdú a chur ar an bhfad ama a thógann imscrúduithe ón dáta fála go dtí dúnadh na gcomhad. Bhí baill foirne inmheánach agus cúnamh seachtrach i gceist leis an aistriú agus aithním an tacaíocht leanúnach ón Aire Dlí agus Cirt agus an tacaíocht phraiticiúil agus airgeadais ón Roinn Dlí agus Cirt.

Tháinig méadú ar an líon foirne in GSOC i mbliana agus chuaigh cáilíocht obair GSOC i bhfeabhas an t-am ar fad, cé gur fhág roinnt ball foirne, cuid díobh a raibh taithí mhór acu, agus cé go raibh sé deacair daoine nua a fháil ina n-áit agus imscrúdaitheoirí a earcú.

Cé gur thug an éiginnteacht faoi dháta thosach feidhme an Achta nua níos mó ama agus spáis lena chinntiú go mbeidh Fiosrú sa riocht is fearr is féidir chun ról reatha GSOC agus na cumhachtaí agus freagrachtaí breise a shainordaítear leis an Acht nua a ghlacadh air féin, baineann míshuaimhneas éigin agus deacrachtaí maidir le cur in ord riaracháin leis an éiginnteacht sin. Toradh diúltach amháin leis sin ná nach rabhamar in ann ár leithdháileadh buiséid iomlán a úsáid agus thugamar beagnach os cionn 2 milliún euro ar ais don Státchiste. Tharla sé sin mar gheall ar an moill ar thosach feidhme an Achta nua, go príomha, rud a laghdaigh an gá leis an bhfoireann nua a bheidh de dhíth chun an tAcht nua a chur i bhfeidhm a earcú.

Ó thaobh na hoibríochta de, tá athruithe móra curtha i bhfeidhm againn ar phróiseáil gearán tríd is tríd, ón mbarr anuas agus ón mbonn aníos. An toradh a bhí leis sin ná an próiseas imscrúdaithe a chuíchóiriú agus a dhéanamh níos doichte chun cloí go docht leis an sainordú reachtúil agus chun a chinntiú nach bhfuil i gceist le himscrúduithe ach an obair a bhfuil gá léi chun tuarascálacha láidre, cuimsitheacha agus tráthúla a chinntiú agus a choinneáil ar bun. I mó thuairim, tá GSOC i riocht níos fearr anois chun déileáil leis na gearáin a fhaigheann sé faoi láthair agus a gheobhaidh sé amach anseo agus, ar an gcoinníoll go mbeidh na hacmhainní cearta aige, déanfar imscrúdú ardcháilíochta, neamhspleách ar ghearáin ina líomhnaítear mí-iompar ag an nGarda chuig an gcaighdeán a bhfuil sé de cheart ag reachtóirí agus an pobal a bheith ag súil leis.

Fearaim fáilte roimh ainmniúchán an Ombudsman Póilíneachta nua, Emily Logan, agus roimh an Leas-Ombudsman atá le hearcú. Cuireadh feabhas mór ar an eagraíocht le POF le taithí mhór agus an-chuid fuinnimh. Is ábhar imní leanúnach é a dheacra atá sé imscrúdaitheoirí a earcú. Chuige sin, fad atá earcaíocht ar bun tá teagmháil déanta againn le hinstitiúidí tríú leibhéal, agus an toradh air sin ná comhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh áit ar tugadh isteach cúrsa deimhnithe saincheaptha d'imscrúdaitheoirí. Tá tús curtha leis an gcúrsa agus beidh sé chun tairbhe Fiosrú agus an iliomad comhlachtaí formhaoirseachta a mbíonn na deacrachtaí céanna earcaíochta acu agus atá againne. Is díol sásaimh eile é an caidreamh

dearfach le Coláiste an Gharda Síochána, rud a léiríonn an úsáid luachmhar atá á baint as acmhainní reatha an Stát agus atá chun leasa an náisiúin.

Is í seo an tuarascáil bhliantúil dheireanach a eiseofar le linn mo théarma mar Chathaoirleach. Is mian liom aitheantas a thabhairt do dhíograis, fuinneamh agus scil bhaill foirne GSOC den am atá caite agus den am i láthair, agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid comhairle agus cúnaimh domsa agus do mo chomhghleacaithe sa Choimisiún. Is é mo thuairim go bhfuil todhchaí na formhaoirseachta neamhspleáiche ar an bpóilíneacht, mar a shainordaigh an tOireachtas, faoi chúram maith.

**Rory MacCabe, SC,**
**Cathaoirleach**

# 2. SRACFHÉACHAINT AR 2024



## SEACHADADH SEIRBHÍSE GSOC I BHFIGIÚRÍ

GEARÁIN A FUARTHAS
**2,226**

IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL DÉANTA
**11**
IN ÉAGMAIS GEARÁIN

LÍOMHAINTÍ LAISTIGH DE GHEARÁIN
**2,883**

TARCHUIR A102
**37**

**67**
COMHAD SEOLTA CHUIG AN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ

TARCHUIR CHOSANTA LEANAÍ CHUIG TUSLA
**61**
ÉIGEANTACH
**81**
NEAMH-ÉIGEANTACH

**88** SMACHTBHANNA FORCHURTHA AG COIMISINÉIR AN GHARDA SÍOCHÁNA TAR ÉIS GEARÁN


**2,590**
GLAO FAIGHTE AG AN UIMHIR ÍOSGHLAO

FIOSRÚCHÁN FAIGHTE **4,238**

## FOIREANN & BUISÉAD

**170**
FOIREANN

**19.633M**
BUISÉAD




## TORTHAÍ SA RÁITEAS STRAITÉISE A BHAINT AMACH

**Láimhseáil neamhspleách gearán agus líomhaintí faoi mhí-iompar ag an nGarda Síochána a imscrúdú chun leas an phobail**

In 2024, lean GSOC air ag seachadadh a shainchúraim: gearáin a fháil ón bpobal agus iad a chur chun cinn, imscrúduithe a thionscnamh, agus cásanna a thabhairt chun críche. Rinneadh an obair sin in éineacht leis an obair ullmhúcháin ríthábhachtach don aistriú eagraíochtúil chuig Fiosrú.

**Seirbhís den scoth do chustaiméirí**

In 2024, lean GSOC air ag seachadadh seirbhíse riachtanaí don phobal, lena n-áirítear:

- **2,226** ghearán a fháil
- **95** iarradh rochtana sonraí a phróiseáil
- Ábhar a sholáthar mar fhreagra ar **29** gceist pharlaiminteacha
- **49** n-iarradh um Shaoráil Faisnéise a láimhseáil

**Eagraíocht ardfheidhmíochta a bhfuil ardmheas uirthi**

In 2024, Rinne GSOC:

- Fáiltíodh roimh **33** bhall foirne nua
- Éascaíodh **1,454** rannpháirtíocht aonair i 125 eispéireas foghlama beo do bhaill foirne GSOC tríd an gClár Foghlama agus Forbartha

**Aistriú réidh chuig comhlacht comharbais GSOC, Fiosrú**

Le linn 2024, rinne GSOC na nithe a leanas:

- An 09 Iúil 2024, tar éis comórtas oscailte agus faomhadh ó Thithe an Oireachtais agus ar thosach feidhme an Achta PSSP, cheap an tUachtarán Michael D Higgins Emily Logan mar Ombudsman Póilíneachta. Beidh sí neamhspleách agus tabharfaidh sí cuntas go díreach chuig an Oireachtas ar a feidhmeanna reachtúla.
- An 09 Meán Fómhair 2024, d'fháiltigh GSOC roimh cheapachán Sheila McClelland mar an gcéad Phríomhfheidhmeannach ainmnithe le haghaidh Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta. Beidh a vóta féin ag Fiosrú agus beidh Sheila McClelland ina hOifigeach Cuntasaíochta agus freagrach don Oireachtas trí Choiste na gCuntas Poiblí.
- Rinneadh caidreamh gníomhach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus leis an Garda Síochána chun ullmhú do rith, achtú agus cur i bhfeidhm an Bhille nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, lena n-áirítear Fiosrú a chur ar bun.
- Chéannacht chorparáideach nua le haghaidh Fiosrú a fhorbairt.

## IMEACHTAÍ SUNTASACHA

I mí an Mhárta 2024, d'óstáil GSOC cruinniú chun socruithe um fhormhaoirseacht ar phóilíneacht trasteorann a phlé le baill an Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann (OPONI). Mar chuid den imeacht bhí seisiúin eolais ar ábhair mar shampla fianaise dhigiteach a bhailiú le haghaidh formhaoirseacht póilíneachta, agus ceisteanna atá ag teacht chun cinn, mar shampla ceamaraí colainne agus dul sa tóir ar fheithiclí, i measc ábhar eile.

Reáchtáil GSOC lá chun forbairt a sholáthar d'Oifigigh Idirchaidrimh le Teaghlaigh (FLO). I láthair ar an lá bhí FLOnna ón Ombudsman Póilíneachta do Thuaisceart Éireann (OPONI), An Garda Síochána, na Póilíní Airm agus Cigireacht na bPríosún. I measc na gcainteoirí ar an lá bhí ionadaithe ó Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC), an tSeirbhís Eolais do Shaoránaigh, Irish Road Victims Association agus Victim Support at Court (VSAC). Fuair na FLOnna an-chuid eolais ag seisiún faoi shíceolaíocht an bhróin.

D'fhreastail GSOC ar Chomhdháil an Chumainn um Thaighde agus Fhorbairt Ceartais Choiriúil (ACJRD) an 12 Meitheamh 2024 i mBaile Átha Cliath agus ar Chomhdháil Ghníomhaireachtaí Ceartais Choiriúil na hÉireann (ICJA) an 4 Deireadh Fómhair 2024 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.

Labhair Emily Logan, an Ombudsman Póilíneachta ainmnithe, ag Comhdháil in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) i mí Mheán Fómhair agus ag Seimineár an Coimisinéir Neamhspleách um Ghearáin faoi Phóilíní (IPCAN) i mí na Samhna 2024.

## CEANNAIREACHT IDIRNÁISIÚNTA

In 2024, léirigh GSOC ceannaireacht idirnáisiúnta mar chomhalta gníomhach de

- **Líonra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithireachta (NEIWA)**
- **An Líonra Údarás Neamhspleách um Ghearáin faoi Phóilíní (IPCAN)**
- **Comhpháirtithe Eorpacha in aghaidh na hÉillitheachta (EPAC)**
- **An Comhlachas Ombudsman (OA)**

## IMSCRÚDUITHE A OSCLAÍODH DE RÉIR CINEÁIL

- Imscrúdú coiriúil ag GSOC (a.98): 591 imscrúdú (46%)
- Imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC (a.95): 109 imscrúdú (8%)
- Imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94(1)): 511 imscrúdú (40%)
- Imscrúdú araíonachta faoi mhaoirseacht ag an nGarda Síochána (a.94(5)): 62 imscrúdú (5%)
- Scortha roimh thús an imscrúdaithe: 10 (1%)

# 3 RÉAMHRÁ

# 3. RÉAMHRÁ

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo agus cuireadh faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt í de réir Alt 80 d'Acht an Gharda Síochána 2005.

## Ról agus Feidhmeanna GSOC

Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) a cuireadh ar bun in 2007 faoi Acht an Gharda Síochána, 2005 ('an tAcht' ina dhiaidh seo). Tá sé mar fheidhm againn déileáil le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, cothrom.

Déileálann GSOC le gearáin a dhéanann daoine den phobal maidir le hiompar comhaltaí den Gharda Síochána, bíodh na líomhaintí ag baint le ceisteanna coiriúla nó le ceisteanna araíonachta. Ina theannta sin, stiúrann GSOC imscrúduithe neamhspleácha ar nithe arna dtarchur chuige ag an nGarda Síochána, ag an Aire Dlí agus Cirt nó ag an Údarás Póilíneachta, nó ar nithe a mheasann GSOC gur ceart iad a imscrúdú ar mhaithe le leas an phobail. Mínítear na gnéithe éagsúla seo de shainchúram GSOC go mion sa tuarascáil seo, agus tugtar cuntas mionsonraithe ar an gcaoi a seachadadh sainchúram GSOC in 2024.

Tabharfar mionsonraí sa tuarascáil seo faoi roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí a rinne GSOC in 2024 chun ullmhú don aistriú chuig an ngníomhaireacht chomharba sa tréimhse amach romhainn.

## Ár bhFís, Misean agus Luachanna

**Ár bhFís:**

Tá Fís againn de mhaoirseacht póilíneachta den scoth bunaithe ar chearta an duine, a théann chun póilíneacht iontaofa agus sochaí shlán sábháilte a chinntiú.

**Ár Misean:**

córas neamhspleách, ardcháilíochta a bhfuil iontaoibh as a sholáthar chun plé le nithe a bhaineann le mí-iompar féideartha ag comhaltaí den Gharda Síochána, ar bhealach a léiríonn meas ar chearta an duine agus a chuireann muinín an phobail asainn chun cinn.

**Ár Luachanna** tá siad ag croílár gach a ndéanaimid agus tugann siad treoir dár gcur chuige ar ár modh oibre. Tugann siad bonn faisnéise dár gcinntí agus don tslí a chaithimid lenár bpáirtithe leasmhara agus dár gcomhghleacaithe.

Taispeántar thíos na croí-luachanna sin agus a gciallaíonn siad dúinn:



# 4
# ÁR NAISTRIÚ CHUIG FIOSRÚ: OIFIG AN OMBUDSMAN PÓILÍNEACHTA: PLEANÁIL, ULLMHÚ AGUS CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

# 4. ÁR NAISTRIÚ CHUIG FIOSRÚ: OIFIG AN OMBUDSMAN PÓILÍNEACHTA: PLEANÁIL, ULLMHÚ AGUS CAIDREAMH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

## Reachtaíocht nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail

Foilsíodh an tAcht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024 (an tAcht PSSP as seo amach), agus síníodh ina dhlí é i mí Feabhra 2024. Déantar foráil san Acht do go leanfaidh GSOC ar aghaidh mar Fiosrú - Oifig an Ombudsman Póilíneachta agus méadaítear cumhachtaí reatha agus neamhspleáchas GSOC.

Tá fáilte curtha ag GSOC roimh an Acht PSSP agus na hathruithe dearfacha is ceart a chuirfidh sé ar struchtúr formhaoirseachta póilíneachta na hÉireann, i gcomhréir le fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta (CoFPI).

Seo a leanas príomhchuspóirí reachtacha Fiosrú:

a) cur le muinín an phobail as na próisis chun gearáin a dhéanann an pobal a réiteach agus as imscrúduithe,
b) feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar ról agus feidhmeanna an Ombudsman Póilíneachta,
c) a chinntiú go ndéantar a fheidhmeanna ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus éifeachtach agus de réir nósanna imeachta cothroma, agus
d) taighde agus anailís a dhéanamh chun treochtaí agus patrúin i ngearáin agus imscrúduithe a shainaithint.

Leagtar amach roinnt athruithe móra don eagraíocht athchóirithe san Acht maidir le rialachas, cumhachtaí agus neamhspleáchas, lena n-áirítear:

- Athrú ó shamhail reatha an Choimisiúin ina ndéanann triúr an rialachas go dtí Ombudsman amháin, in éineacht le Leas-Ombudsman agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Beidh an Ombudsman Póilíneachta neamhspleách agus a bhfeidhmeanna á ndéanamh aige/aici, agus tabharfaidh cuntas go díreach chuig an Oireachtas.
- tuilleadh neamhspleáchas airgeadais trí chomhlacht a mbíonn vóta aige a dhéanamh de Fiosrú, arna mhaoiniú go díreach ón Oireachtas. Beidh an tOifigeach Cuntasaíochta ina POF, agus tabharfaidh cuntas don Oireachtas trí Choiste na gCuntas Poiblí.
- Maidir le himscrúduithe, leathnófar an léirmhíniú ar 'iompar is cúis le díobháil thromchúiseach' chun cionta gnéis agus mí-úsáid cumhachta chun críche gnéis a chur san áireamh.
- Feidhm um athbhreithniú reachtúil a thabhairt isteach, lena dtugtar an ceart do ghearánaigh chun athbhreithniú a fháil i gcúinsí áirithe sainithe.

## An tAistear i dtreo Fiosrú

Tá GSOC ag obair sa chúlra ar ullmhúcháin chun aistriú chuig Fiosrú ó mhí Iúil 2021.

In 2024, agus coinne le tosach feidhme go luath in 2025, méadaíodh an ghníomhaíocht ullmhúcháin. Sainaithníodh breis agus 300 tasc sa Phlean Cur Chun Feidhme a raibh le déanamh go hinmheánach le bheith ullamh chun Fiosrú a chur ar bun. Léirigh foireann GSOC díograis ollmhór chun an obair sin a dhéanamh; rinne siad a ndualgais agus i bhfad níos mó chun an Clár um Aistriú a chur i gcrích, anuas ar a ngnáthghníomhaíochtaí gnó.

Faoi dheireadh 2024, bhí 89% den Clár um Aistriú curtha i gcrích agus bhí an chuid eile de na taisc ag baint le hamanna faoi leith, rud a d'fhág nárbh fhéidir iad a dhéanamh go dtí tráth níos gaire don dáta teacht i bhfeidhm.

> Tá GSOC ag fanacht ar thosach feidhme an Achta PSSP, agus ag súil le tús a chur leis an gcéad chéim eile dá aistear formhaoirseachta póilíneachta mar Fiosrú

Measadh go raibh na himeachtaí seo a leanas suntasach chun cruthú Fiosrú a bhaint amach in 2024:

- Síníodh an tAcht PSSP ina dhlí i mí Feabhra 2024.
- An 9 Iúil 2024, tar éis chomórtas oscailte agus faomhadh le rúin ón dá Theach den Oireachtas, moladh go gceapfadh an tUachtarán Emily Logan mar an gcéad Ombudsman Póilíneachta faoin Acht PSSP. Déanfaidh an tUachtarán Michael D Higgins Emily Logan a cheapadh go foirmiúil ar thosach feidhme an Achta.
- An 9 Meán Fómhair 2024, ceapadh Sheila McClelland mar an gcéad Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le haghaidh Fiosrú.


Leanadh le caidreamh suntasach a dhéanamh le páirtithe leasmhara faoin aistriú le linn na bliana. Bhí dlúthbhaint ag GSOC le Clár Cur Chun Feidhme an Achta PSSP idirghníomhaireachta agus tras-rannach na Roinne Dlí agus Cirt. Faoin gclár seo, tá GSOC ag obair leis an nGarda Síochána ar phróisis agus prótacail athchóirithe, agus ar na bealaí cumarsáide is gá le don chomhoibriú éifeachtach idirghníomhaireachta a chomhaontú.

Amhail ag deireadh 2024, tá GSOC ag fanacht ar thosach feidhme an Achta PSSP, agus ag súil le tús a chur leis an gcéad chéim eile dá aistear formhaoirseachta póilíneachta mar Fiosrú.

## Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Sa bhreis ar chaidreamh a dhéanamh leis an Roinn, leis an nGarda Síochána agus le comhghleacaithe gníomhaireachta eile maidir leis an Acht, lean GSOC ar aghaidh ag leathnú a Chaidreamh le Páirtithe Leasmhara go ginearálta – sa bhaile agus thar lear – le linn 2024.
Tá an caidreamh sin ina ghné ríthábhachtach dár n-ullmhúchán don aistriú agus don athchóiriú, agus tugann sé deis dúinn ár dtosaíochtaí straitéiseacha don todhchaí a chur in iúl don lucht déanta beartas, don tsochaí shibhialta agus don phobal i gcoitinne. Tugann sé deis thar a bheith luachmhar chun eolas agus taithí a roinnt le comhghleacaithe i ndlínsí eile freisin.
Beidh straitéis rannpháirtíochta níos réamhghníomhaí agus níos leithne le páirtithe leasmhara, ag tógáil ar an obair a rinneadh in 2024, mar chuid lárnach d'obair Fiosrú agus é á chur ar bun agus á fhorbairt.


Fiosrú
Oifig an Ombudsman Póilíneachta
Office of the Police Ombudsman




# 5
# TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

# 5. TUARASCÁIL FAOI DHUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ UM CHOMHIONANNAS AGUS CEARTA AN DUINE

Cuirimid Cearta an Duine agus Comhionannas ag croílár na físe againn do GSOC. An chroífheidhm atá ag GSOC ná plé le gearáin faoi mhí-iompar féideartha ag comhaltaí an Gharda Síochána ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus cothrom.

Agus sinn ag láimhseáil gearán, ag láimhseáil tarchur agus i mbun imscrúduithe, pléitear le cearta raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gearánaigh, Gardaí, an pobal níos leithne agus ár bhfoireann féin. De bharr an cineál oibre a dhéanann GSOC, ní mór cloí go docht le cearta bunúsacha mar bhonn taca léi, go háirithe cearta gearánach cúiteamh a lorg as mí-iompar líomhainte, ina measc iad siúd atá ina n-íospartaigh coireachta tromchúisí, nó daoine lena mbainfeadh cineálacha éagsúla leochaileachta nó míbhuntáiste; agus cearta nós imeachta na ndaoine faoi imscrúdú.

Ag croílár na seirbhísí a chuirimid ar fáil tá cothromas rochtana agus comhionannas sa tslí a gcaitear le gach duine. Is maith is eol dúinn an ról atá againn mar chuid de na hoibleagáidí níos leithne atá ar an Stát faoi Airteagail 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go háirithe i gcomhthéacs ár n-imscrúduithe ar theagmhais a bhaineann le bás agus díobháil thromchúiseach arna dtarchur chugainn faoi Alt 102 den Acht.

I measc na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas a ndírímid orthu anois tá:

- → Caidreamh oscailte agus thrédhearcach lenár bpáirtithe leasmhara;
- → A chinntiú go bhfuil an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoi na caighdeáin um chearta an duine agus comhionannas atá mar bhonn taca le hobair GSOC;
- → Inrochtaineacht ár bhfeidhmeanna agus ár seirbhísí a fheabhsú, lena n-áirítear trí ghníomh dearfach chun caidreamh a dhéanamh le grúpaí éagsúla;
- → Dínit agus folláine na foirne a chosaint; agus
- → Tógáil ar éagsúlacht ár bhfórsa saothair.

In 2024, thugamar aghaidh ar roinnt de na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas. Le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, cuirtear oibleagáid ar GSOC a chinntiú go mbeidh an fhoireann go hiomlán ar an eolas faoin oibleagáid atá orthu cearta an duine do chách a chosaint agus a chaomhnú. In 2024, leanamar den dul chun cinn suntasach a bhí déanta maidir le hoiliúint agus oideachas i gcearta an duine dár bhfoireann.

In 2024, thug beirt bhall foirne faoi cháilíochtaí a bhaint amach sa Phóilíneacht agus sna Dlíthe i leith Chearta an Duine agus bhain ball foirne amháin Máistir i gCearta an Duine i gCeartas Coiriúil amach in Ollscoil Luimnigh.

Leanamar d'fheabhas a chur ar oscailteacht agus trédhearcacht ár gCaidreamh le Páirtithe Leasmhara in 2024, lena n-áirítear trí chaidreamh gníomhach leis an tsochaí shibhialta agus leis an lucht déanta beartas. Táthar ag obair go leanúnach ar straitéis athnuaite cumarsáide agus caidrimh a fhorbairt le haghaidh Fiosrú.


Tá cearta an duine agus comhionannas ag croílár ár mbeartas agus nósanna imeachta inmheánacha i gcónaí, agus tá scrúdú á dhéanamh orthu faoi láthair d'fhonn iad a athbhreithniú i gcomhthéacs aistriú GSOC chuig Fiosrú.

Is tosaíocht straitéiseach i gcónaí do GSOC, le linn an aistrithe, é feabhas a chur ar inrochtaineacht ár gcumarsáide poiblí agus ár seirbhísí, ar líne agus ar an láthair araon. Aithnímid freisin an tábhacht a bhaineann le sonraí inrochtana agus imdhealaithe um chearta an duine agus comhionannas a ghiniúint, chun bearnaí i gcosaint ceart a shainaithint agus chun treochtaí agus patrúin a shainaithint. Tá obair ar bun againn lena chinntiú go mbeidh sonraí imdhealaithe leordhóthanacha ar fáil i bhFiosrú chun tacú le cinnteoireacht straitéiseach. Is croí-thosaíocht dúinn a chinntiú go mbeidh na huirlisí ag Fiosrú chun sonraí imdhealaithe um chearta an duine agus comhionannas a ghabháil, a fhiosrú agus a roinnt, agus pleananna á mbrú chun cinn againn le haghaidh Chóras Bainistíochta Cásanna nua chun freastal ar riachtanais ár bhfeidhmeanna agus ár sainchúram méadaithe.

Bíonn sé dúshlánach don fhoireann feidhmeanna GSOC a sheachadadh. Cuirimid béim ar fholláine na foirne trínár gcur chuige ó thaobh dúshláin timpeallachta agus seachadadh seirbhísí a chinntiú.

Tá GSOC bródúil as a fhórsa saothair fuinniúil agus éagsúil. Déanann GSOC ceapacháin tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, a fheidhmíonn beartas comhdheiseanna. Agus GSOC ag aistriú chuig Fiosrú, táimid tiomanta fás a dhéanamh ar bhealach a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh éagsúlacht ár bhfórsa saothair agus a chinntiú go léireoidh sé éagsúlacht an phobail dá soláthraímid seirbhís.






# 6
# CUR LE HOIDHREACHT LÁIDIR: TIOMANTAS ATHNUAITE DON INBHUANAITHEACHT

# 6. CUR LE HOIDHREACHT LÁIDIR: TIOMANTAS ATHNUAITE DON INBHUANAITHEACHT

Tá inbhuanaitheacht ag croílár GSOC le fada, agus éifeacht aici ar an tslí a n-oibrímid, a ndéanaimid nuáil agus a laghdaímid ár dtionchar ar an gcomhshaol. I gcaitheamh na mblianta, tá éachtaí bainte amach mar thoradh ar ár dtiomantas don éifeachtúlacht fuinnimh.

Anois, agus an Fhoireann Ghlas curtha ar bun arís againn, tá fuinneamh úr á cur isteach sa chultúr seo againn, agus sinn ag cinntiú go leanfaimid ar aghaidh ag léiriú ceannaireachta i gcleachtais inbhuanaithe. Tá torthaí inláimhsithe agus aitheantas bainte amach againn agus sinn sa tóir ar níos mó inbhuanaitheachta. Chuireamar laghdú 63% ar ídiú fuinnimh, rud a léiríonn ár dtiomantas d'éifeachtúlacht fhadtéarmach agus freagracht maidir leis an gcomhshaol.[1]


Garsprioc shuntasach eile a bhí san fheabhas a chuireamar ar ár rátáil Deimhniú Léirithe Fuinnimh (DEC), atá ag C2 anois. Rinneadh sin a bhuí le dianiarrachtaí na foirne uile i nglacadh le tionscnaimh chaomhnaithe fuinnimh agus feabhsúcháin oibríochtúla.

## Oibreacha Uasghrádaithe Amach Anseo

Tá uasghráduithe ar an gcóras téimh agus fuaraithe beartaithe ag GSOC chun níos mó éifeachtúlachta agus inbhuanaitheachta a chinntiú. Mar chuid de sin, beimid ag féachaint chuige go seasfaidh na córais sin an aimsir le bheith i gcomhréir lenár spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha. Ina theannta sin, tá súil againn níos mó úsáide a bhaint as soilse LED san oifig chun laghdú breise a chur ar an ídiú fuinnimh.


Tá cúrsaí ag bailiú nirt, agus táimid muiníneach go leanfaidh GSOC de bheith ina cheannaire maidir le hinbhuanaitheacht. Beidh ról ríthábhachtach ag an bhFoireann Ghlas chun deiseanna nua a shainaithint, réitigh nuálacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh inbhuanaitheacht ag croílár ár n-oibríochtaí ó lá go lá.


### GSOC – dul chun cinn i dtreo Sprioc 2030 um Éifeachtúlacht Fuinnimh











1. Bliain tagarmhairc - 2008




# 7
# RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

# 7. RIALACHAS, AIRGEADAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

## Rialachas agus Struchtúr

Cuireadh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána ar bun faoi Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach in Alt 67 den Acht.

### An Coimisiún Ombudsman

Tá an Coimisiún Ombudsman comhdhéanta de thriúr comhaltaí. Is é an tUachtarán a cheapann gach comhalta de Choimisiún an Ombudsman tar éis a n-ainmnithe ag an Rialtas agus tar éis rúin bheith rite tríd an dá Theach den Oireachtas ag moladh go gceapfaí iad. Ceaptar duine de chomhaltaí Choimisiún an Ombudsman ina C(h) athaoirleach.

In 2024, bhí an Coimisiún Ombudsman comhdhéanta de:

- Rory MacCabe, SC (Cathaoirleach)
- Emily Logan Uasal; agus
- An tUasal Hugh Hume[2]

#### Rialachas

Tá an Coimisiún Ombudsman freagrach as rialú agus stiúradh Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus as rialachas maith a chinntiú.

#### Freagrachtaí agus Cuspóirí

Déantar foráil le hAlt 67(5) go ndéanfaidh cathaoirleach an Choimisiún bainistiú agus rialú ginearálta ar oifigigh, riarachán agus gnó an Choimisiúin Ombudsman.

Mar aon lena fheidhmeanna agus cuspóirí reachtacha, áirítear i measc a fhreagrachtaí chomh maith:

- Rath GSOC a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí GSOC a threorú agus a stiúradh;
- treoir straitéiseach a chur ar fáil do GSOC mar aon le monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna tarmligthe;
- athbhreithniú agus treorú ar:
  - → treo straitéiseach,
  - → mórphleananna gnímh,
  - → beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca,
  - → buiséid bhliantúla agus pleananna gnó,
  - → cuspóirí feidhmíochta a leagan amach
  - → monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus feidhmíocht, agus
  - → formhaoirseacht ar chinntí móra faoi chaiteachas caipitil
- gníomhú ar bhonn lánfheasach, eiticiúil, go hionraic, le díograis agus cúram cuí, agus ar mhaithe le GSOC, faoi réir ag cuspóirí arna leagan síos ag an Rialtas;
- forbairt chumas GSOC a chur chun cinn, cumas a lucht ceannais agus a lucht foirne san áireamh; agus
- an lucht bainistíochta sinsearach a thabhairt chun cuntais maidir le feidhmiú éifeachtach a ndualgais agus a bhfreagrachtaí tarmligthe.

Is faoin gCoimisiún é raon príomhchinntí a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí i ndáil le:

- Tionscadail chaipitil a fhaomhadh;
- Leibhéil údaráis tharmligthe, beartais bainistíochta airgeadais agus beartais bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm;
- Éadálacha, diúscairtí agus diúscairt sócmhainní GSOC a fhaomhadh;
- Buiséid bhliantúla a fhaomhadh;
- Dearbhuithe a thabhairt maidir le comhlíonadh cheanglais reachtúla agus riaracháin i ndáil le líon, grádú agus coinníollacha ceapacháin na foirne uile a fhaomhadh;
- Straitéis na heagraíochta a leagan amach; agus
- Tuarascálacha Bliantúla agus cuntais a fhoilsiú.

2. Athdheartha Meitheamh 2024

**Cruinnithe an Choimisiúin Ombudsman**

Oibríonn an Coimisiún Ombudsman i ndlúthchomhar fad a dhéanann sé idirchaidreamh leis an mbainistíocht shinsearach ó lá go lá. Ina theannta sin, tionólann an Coimisiún cruinnithe foirmiúla le bainistíocht shinsearach GSOC ar bhonn tréimhsiúil chun a dhualgais reachtúla rialachais agus oibríochtúla a chomhlíonadh. Tionóladh cúig chruinniú den sórt sin in 2024.

**Tábla A: Freastal ar Chruinnithe Foirmiúla den Choimisiún Ombudsman in 2024**

| Cruinnithe Foirmiúla an Choimisiúin Ombudsman in 2024 | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Líon cruinnithe ar ar freastalaíodh** |
| An Breitheamh Rory McCabe | Cathaoirleach | 4 |
| Emily Logan Uas. | Coimisinéir | 4 |
| An tUas. Hugh Hume | Coimisinéir | 2 |
| Aileen Healy Uas. | Stiúrthóir Riaracháin | 2 |
| An tUas. Peter Whelan | Stiúrthóir Imscrúduithe agus Oibríochtaí | 3 |
| Sheila McClelland[3] Uas. | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ainmnithe | 2 |

## An Fhoireann Shinsearach Bainistíochta

Tá an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta, iad ag tuairisciú don Choimisiún, freagrach as bainistíocht na heagraíochta ó lá go lá.

Le linn 2024, bhí na hoifigigh a leanas ar an bhFoireann Shinsearach Bainistíochta:

- Aileen Healy Uas, Stiúrthóir Riaracháin
- An tUas. Peter Whelan, Stiúrthóir Imscrúduithe agus Oibríochtaí
- An tUas. Peter Hogan, Leas-Stiúrthóir Riaracháin
- An tUas. Garrett Croke, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- An tUas. Jon Leeman, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- An tUas. David Grant, Leas-Stiúrthóir Oibríochtaí
- Edel Gilligan Uas., Ceann Dlí
- An tUas. Darren Wright, Príomhoifigeach, Eolas agus Bainistíocht Cáilíochta

## Feidhmíocht a Sheachadadh agus Formhaoirseacht

Chomhaontaigh GSOC agus an Roinn Dlí agus Cirt Comhaontú Formhaoirseachta le haghaidh 2024 i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Leagtar amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta an creat ginearálta rialachais agus cuntasachta riaracháin a oibríonn GSOC laistigh de, agus sainmhínítear leis na príomhróil freagrachtaí agus tiomantais reachtacha agus riaracháin atá mar bhonn agus mar thaca leis an gcaidreamh idir GSOC agus an Roinn. Leagtar amach sa Chomhaontú freisin na socruithe i gcomhair rialachais éifeachtaigh, cistithe agus riaracháin ghinearálta GSOC de réir an Chóid. Maolú nó eisceacht ar bith ón gCód tá sé comhaontaithe leis an Roinn agus leagtha amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta.



3. Thosaigh i Meán Fómhair 2024

## Airgeadas

Maoinítear GSOC trí sholáthar deontais bhliantúil ó Vóta na Roinne Dlí agus Cirt. Is é Ard-Rúnaí na Roinne an tOifigeach Cuntasaíochta don Vóta agus don mhaoiniú a sholáthraítear don Choimisiún.

Ceanglaítear ar GSOC faoi Alt 77 den Acht gach cuntas is cuí agus is gnáth a choimeád ar an airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé, i bpé foirm a bheidh faofa ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as taifid leordhóthanacha cuntasaíochta a choimeád lena nochtfar, go réasúnta cruinn am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. An Cathaoirleach atá freagrach as ullmhúchán cuntas GSOC.

### Caiteachas

Chinntigh an Coimisiún Ombudsman gur chomhlíon GSOC an Cód Caiteachais Phoiblí go hiomlán le linn 2024.

**Tábla B: Caiteachas GSOC 2024**

| Catagóir | Buiséad 2024 € | Fo cheannteidil Caiteachais | Caiteachas 2024 € |
|---|---|---|---|
| Pá | 13,796,182.68 | A01 - Pá & Liúntais | 11,997,849.96 |
| Neamh-phá | 5,837,184.08 | A02 - Taisteal & Cothabháil | 166,153.10 |
| | | A03 – Costais Theagmhasacha | 1,721,480.32 |
| | | A04 – Seirbhísí Poist & Teileachumarsáide | 84,232.76 |
| | | A05 – Trealamh Oifige & Soláthairtí Oifige Eile | 1,541,288.64 |
| | | A06 – Costais Oifige & Áitribh | 2,092,438.76 |
| **Iomlán** | **19,633,366.76** | | **17,603,443.54** |

## Príomhphearsanra Bainistíochta

B'ionann iomlán na dtuarastal a d'íoc GSOC le príomhphearsanra bainistíochta agus €886,802.

## Táillí nár bhain le Tuarastal

Níor íocadh táillí nár bhain le tuarastal le comhaltaí GSOC le haghaidh 2024.

**Tábla C: Miondealú ar Shochar Fostaithe**

| Raon | | Líon Fostaithe |
|---|---|---|
| **Ó - Go** | **2024** | **2023** |
| €60,000 - €69,999 | 28 | 38 |
| €70,000 - €79,999 | 21 | 10 |
| €80,000 - €89,999 | 9 | 8 |
| €90,000 - €99,999 | 12 | 11 |
| €100,000 - €109,999 | 3 | 3 |
| €110,000 - €119,999 | - | 2 |
| €120,000 - €129,999 | 3 | 1 |
| €130,000 - €139,999 | 3 | - |
| €140,000 - €149,999 | - | 1 |
| €150,000 - €159,999 | - | 3 |
| €160,000 - €169,999 | 1 | 2 |
| €170,000 - €179,999 | - | - |
| €180,000 - €189,999 | 1 | - |
| €190,000 - €199,999 | - | - |
| €2000,000 - €209,999 | - | - |
| €210,000 - €219,999 | - | - |
| €220,000 - €229,999 | - | - |
| €230,000 - €239,999 | - | 1 |
| €240,000 - €249,999 | - | - |
| €250,000 - €259,999 | 1 | - |

### Sochar Fostaithe

Léirítear sa tábla thuas an líon fostaithe ar thit an sochar fostaithe a íocadh leo in 2024 laistigh de gach ceann de na bandaí pá seo a leanas (áirítear tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinne thar ceann an fhostaí ach ní áirítear orthu ÁSPC an fhostóra):

### Comhairleacht, Costais Dlí agus Socraíochtaí

Tá baint ag an gCoimisiún le himeachtaí dlí a bhféadfadh dliteanais teacht astu, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Ní fios cé mhéad nó cén uair a bheadh i gceist le dliteanais fhéideartha.

## Timpeallacht Rialaithe Inmheánach

### Bainistíocht Cáilíochta

Tá forbairt incriminteach á déanamh ar Bhainistíocht Cáilíochta chun an creat riachtanach a chur ar bun lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht a hoibleagáidí reachtúla agus rialachais agus go ndéanann GSOC idirchaidreamh ardcháilíochta le húsáideoirí na seirbhísí. Tá breithniú á dhéanamh ar athbhreithniú eagraíochtúil agus moltaí don todhchaí, mar a shamhlaítear san Acht PSSP, chun an cur chuige atá le glacadh ag an bhfeidhm cháilíochta I gcomhthéacs an aistrithe chuig Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta, a chur ar bhonn foirmiúil.

### Iniúchadh agus Riosca

Bhunaigh an Coimisiún a Choiste Iniúchta agus Riosca féin in 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus rialúcháin inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún i ndáil le ceisteanna iniúchta, rialachais agus riosca. Tá beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gcoiste; duine amháin mar Chathaoirleach ar an gcoiste, agus comhalta den Choimisiún. Tá taithí airgeadais atá ábhartha agus a fuarthas le déanaí ag comhalta amháin den choiste.

Áirítear le próiseas bainistíochta riosca GSOC:

- Príomhoifigeach Riosca a bhfuil freagracht fhoriomlán air as bainistíocht riosca a mhaoirsiú agus an Coimisiún a choimeád ar an eolas faoi rioscaí ardleibhéil agus a maolú;
- Beartas Bainistíochta Riosca lena leagtar amach na próisis atá ar bun chun rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú;
- Clár Riosca ina dtugtar mionsonraí faoi rioscaí agus faoina maolú agus coimeádtar an clár cothrom le dáta ar bhonn leanúnach; agus
- Mír fhoirmiúil ar an gclár oibre do chruinnithe an Choimisiúin é riosca, cruinnithe ag a gcuirtear tuarascáil ar bhainistíocht riosca faoi bhráid an Choimisiúin lena breithniú. Mír sheasta ar an gclár oibre do chruinnithe na Foirne Sinsearaí Bainistíochta freisin í bainistíocht riosca.
- Leanadh den obair le córas Bainistíochta Riosca nua GSOC a chur i bhfeidhm in 2024, an Clár Riosca a thabhairt cothrom le dáta chun rioscaí a shainaithint, a mheas agus a mhaolú, chun athbhreithniú agus feabhsú leanúnach in GSOC a chinntiú agus chun dearbhú a thabhairt don Choimisiún. Is é a bhí i gceist leis sin ná rioscaí atá ann cheana a chur le chéile agus a thabhairt cothrom le dáta, rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus rioscaí a nascadh le cuspóirí straitéiseacha GSOC, gníomhartha maolaithe a shainaithint agus rialuithe a chur ar bun.


0.00
0.00
0.00
0.00
32,983.96

## Ráiteas um Rialú Inmheánach in GSOC 2024

Aithníonn Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána an fhreagracht atá orainn maidir lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialachán inmheánach a choinneáil ar bun agus a oibriú. Tá ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní thugann an córas rialaithe inmheánaigh ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aithint go tráthúil. Tá an Coimisiún sásta go bhfuil na córais atá ar bun aige réasúnta agus cuí do thosca an Choimisiúin i bhfianaise méid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus cineál oibríochtaí an Choimisiúin.

### An Timpeallacht Rialaithe Inmheánach

Tá na céimeanna seo a leanas déanta chun timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú.

- Sanntar caidrimh inmheánacha tuairiscithe go soiléir;
- Sanntar freagrachtaí bainistíochta agus cuirtear in iúl iad go soiléir idir an Stiúrthóir Riaracháin, Seirbhísí Corparáideacha agus an Fhoireann Airgeadais;
- Is faoi na bainisteoirí líne agus comhaltaí an Choimisiúin atá na cinntí maidir le caiteachas I gcomhréir le tairseacha faofa caiteachais;
- Baineadh leas as socruithe seirbhísí comhroinnte i ndáil le roinnt seirbhísí bainistíochta airgeadais agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar do GSOC:
  - → Cuireann an Roinn Dlí agus Cirt seirbhís íocaíochta gníomhaireachta ar fáil do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.
  - → Phróiseáil an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla, ar cuid den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte í, an párolla agus éilimh taistil agus cothabhála.
  - → Chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais seirbhísí iniúchta inmheánaigh, coimeád clár sócmhainní seasta, ordaithe ceannachán agus comhdaithe cánach ar fáil.
- Faightear seirbhísí breise ó sholáthróirí seachtracha freisin, nuair is gá, chun na seirbhísí sin a fhorlíonadh;
- Tá nósanna imeachta agus rialuithe airgeadais láidre ar bun agus fostaítear cuideachta cuntasaíochta sheachtrach chun cuntais airgeadais GSOC a ullmhú;
- Tá córais ar bun ag GSOC chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus chun déileáil leis na rioscaí a tháinig i bhfeidhm le linn 2024, a mhéid is féidir i bhfianaise na timpeallachta oibriúcháin.

Tháinig Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le chéile go foirmiúil cúig huaire in 2024 chun a fhreagrachtaí rialachais a chomhlíonadh.

**Creat Riosca agus Rialaithe – Bainistíocht Riosca**

Tá próisis curtha ar bun ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó agus airgeadais a shainaithint agus a mheas trí Chlár Riosca agus Beartais Bainistíochta Riosca a chur ar bun chun:

- Cineál agus méid na rioscaí airgeadais agus oibriúcháin a shainaithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtarlódh rioscaí;
- Meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcumas chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú;
- Scrúdú a dhéanamh ar rioscaí i gcomhthéacs spriocanna straitéiseacha;
- Bearta a chur ar bun chun rioscaí a mhaolú; agus
- Tuairisciú ar rioscaí a dhéanamh go rialta.

Áirítear leis an gcóras bainistíochta riosca atá ar bun:

- Príomhoifigeach Riosca ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca agus as an gCoimisiún a choimeád ar an eolas maidir le rioscaí ardleibhéil agus a maolaithe.
- Beartas Bainistíochta Riosca ina leagtar amach na próisis atá ar bun chun rioscaí san eagraíocht a shainaithint, a mheas agus a mhaolú;
- Clár Riosca ina bhfuil mionsonraí faoi rioscaí agus a maolaithe agus a choinnítear é cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Leis an gclár sin, sainaithnítear rioscaí sonracha, mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun na rioscaí sin a mhaolú agus sannann freagracht as an maolú agus na rialuithe a oibriú;
- Grúpa Monatóireachta Riosca, atá freagrach as a chinntiú go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras Bainistíochta Riosca, i gcomhar leis an bhFoireann Shinsearach Bainistíochta agus leis an bPríomhoifigeach Riosca; agus
- Coiste Iniúchta agus Riosca a bunaíodh chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht rioscaí agus rialuithe inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cúrsaí iniúchta, rialachais agus riosca.

Tá forbairt ar an gcreat, ar an mbeartas agus an struchtúir atá i bhfeidhm ar bun go leanúnach ar an leibhéal oibriúcháin chun dul ar aghaidh chuig an gcéad leibhéal aibíochta eile trí iad a leabú ar fud na heagraíochta agus trí iad a ailíniú le pleanáil straitéiseach agus gnó d'fhonn an eagraíocht a aistriú chuig Fiosrú, Oifig an Ombudsman Póilíneachta.

Bhunaigh an Coimisiún a Choiste Iniúchta agus Riosca féin in 2022 chun formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht rioscaí agus rialuithe inmheánacha san eagraíocht agus chun comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le cúrsaí iniúchta, rialachais agus riosca. Tháinig an Coiste le chéile 5 huaire le linn 2024. Tá an Coiste comhdhéanta de thriúr comhaltaí; comhalta amháin ón gCoimisiún agus beirt ar comhaltaí seachtracha neamhspleácha iad, duine díobh mar Chathaoirleach ar an gCoiste. Tá taithí airgeadais atá ábhartha agus a fuarthas le déanaí ag comhalta amháin den Choiste.

Bunaíodh an Grúpa Monatóireachta Riosca i mí Aibreáin 2023 agus tháinig na comhaltaí as gach cuid den eagraíocht. Tagann an Grúpa le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár riosca agus chun a chinntiú go ndéantar caidreamh rialta le páirtithe leasmhara ar fud na heagraíochta. Is próiseas atriallach a thugtar chun rialtachta é riosca a bhainistiú ina ndéanann an Príomhoifigeach

Riosca na rioscaí cothrom le dáta gach ráithe i gcomhar le hionadaithe sa réimse gnó. Déanann an Grúpa Monatóireachta Riosca monatóireacht air agus déanann an Fhoireann Shinsearach Bainistíochta, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Coimisiún Ombudsman athbhreithniú air.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chóras rialuithe inmheánacha lena n-áirítear bainistiú faisnéise, nósanna imeachta riaracháin agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Is éard atá i gceist leis sin, go sonrach:

- Buiséadú cuimsitheach a chloínn le buiséad bliantúil a dhéanann an Bhainistíocht Shinsearach athbhreithniú rialta air;
- Tuarascálacha míosúla airgeadais a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Riaracháin lena mbreithniú; agus
- Athbhreithniú rialta ag an gCoimisiún agus ag Seirbhísí Corparáideacha ar fhaisnéis airgeadais;

Tá sásraí bunaithe chun slándáil leordhóthanach a chinntiú maidir le córais theicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Choimisiúin (go hinmheánach le GSOC) agus córais teicneolaíochta cumarsáide.

**Teagmhais de Theipeanna Suntasacha Rialaithe**


In 2023, rinne Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú ar phleanáil straitéiseach agus gnó agus ar fheidhmíocht in GSOC. Sainaithníodh dhá thoradh ardleibhéil leis an athbhreithniú sin agus rinneadh moltaí ina leith. Tá tús curtha ag GSOC leis an bpróiseas chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin i gcomhthéacs a aistrithe chuig Fiosrú. Ní dhearnadh aon sárú ar shonraí in 2024 a measadh a bhain ardriosca leis.

**Comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí**

Tá nósanna imeachta ar bun ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair a chinntiú de réir mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Le linn 2024, chomhlíon Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána na nósanna imeachta sin. Mar sin féin, tabhaíodh costais dar luach €21,573 in 2024 a bhain le soláthar neamhchomhlíontach earraí agus seirbhísí in 2017 i ndáil le ceadúnais bhogearraí chun tacú le himscrúdú ar leith a bhí práinneach agus de chineál íogair. Tá GSOC i mbun Córas Bainistithe Cásanna nua a fháil le teacht in ionad na gcóras bainistithe cásanna atá in úsáid san eagraíocht faoi láthair.

**Faomhadh ón gCoimisiún**

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun comhairle a chur ar an gCoimisiún faoin gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha agus bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca é i mí an Mhárta 2024. Thug sé sin dearbhú réasúnach don Choimisiún maidir le leordhóthanacht an chórais rialaithe inmheánaigh. Tá dearbhú réasúnach faighte ag an gCoimisiún Ombudsman gur chórais éifeachtacha a bhí sna córais Rialaithe Inmheánaigh a tionscnaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm sa Choimisiún Ombudsman don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024.



Rory MacCabe, S.C.
Cathaoirleach




# 8
# CÚRSAÍ FOIRNE

# 8. CÚRSAÍ FOIRNE

## Cúrsaí Foirne agus Struchtúr Eagrúcháin


De réir alt 71 (3) den Acht, is Státseirbhísigh i seirbhís an Stáit iad oifigigh GSOC. Foráiltear le halt 71 (4) den Acht gurb é an Coimisiún Ombudsman an t-údarás cuí (laistigh de bhrí Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956 agus Achtanna Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 go 1996) i leith a chuid oifigeach.

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte (NSSO) sraith sheirbhísí AD, bainistithe feidhmíochta, riarachán párolla agus pinsean thar ceann GSOC faoi Chomhaontú ar Leibhéal Seirbhíse.

Amhail ar an 31 Nollaig 2024, bhí 170 ball foirne fostaithe ag GSOC, líon a léirigh méadú 16 duine i gcomparáid le deireadh 2023.
D'earcaigh GSOC 33 bhall foirne nua le linn 2024 chun folúntais leanúnacha a líonadh agus poist nua a cumasaíodh le maoiniú breise a leithdháileadh do chúrsaí foirne i meastacháin 2024. Bhí próisis earcaíochta ar bun ag deireadh na bliana chun roinnt folúntas agus róil nuachruthaithe a líonadh.

Tá beartais agus nósanna imeachta bunaithe ag GSOC a ligeann dá bhaill foirne nochtadh a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta Act, 2014. Ní dhearnadh aon nochtadh inmheánach faoin mbeartas sin in 2024.

**Cairt 1: Struchtúr eagraíochtúil agus acmhainní foirne GSOC amhail an 31 Nollaig 2024**





## Foghlaim agus Forbairt

Bhí ár ngníomhaíochtaí agus ár nithe inseachadta foghlama agus forbartha go léir le haghaidh 2024 ailínithe lenár Straitéis Forbartha Foghlama 2021-2024. Dírítear sa straitéis seo ar an ngá le béim a chur ar fhorbairt na gcumas a theastaíonn ón eagraíocht chun ár bhfís, misean agus torthaí straitéiseacha a bhaint amach. Tá sé d'aidhm againn a chinntiú go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus an taithí ag baill foirne GSOC atá ag teastáil uathu chun feidhmeanna reachtúla GSOC a chomhlíonadh, i gcomhréir le dea-chleachtas. Táimid ag iarraidh na hacmhainneachtaí a thabhairt do GSOC freisin a mbeidh gá leo chun riachtanais na heagraíochta amach anseo a chomhlíonadh agus chun gairmeacha na foirne a thabhairt chun cinn.

Bhí infheistiú i bhfoghlaim agus forbairt na mball foirne ina phríomh-thosaíocht do GSOC le linn 2024. Bhaineamar é sin amach trí mheascán d'eispéiris foghlama i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear:

- Eispéiris foghlama sioncronacha (beo) agus aisioncronacha (seimineáir ghréasáin réamhthaifeadta agus ríomhFhoghlaim);
- Deiseanna oideachais fhoirmiúil;
- Meantóireacht neamhfhoirmiúil;
- Freastal ar chomhdhálacha;
- Comhpháirtíocht le comhlachtaí ábhartha um cheartas coiriúil, ionadaíocht, abhcóideacht agus um thacaíocht d'íospartaigh; agus,
- Eolas a roinnt idir ball foirne trí sheisiúin roinnte eolais sceidealaithe agus tacaíocht neamhfhoirmiúil le comhghleacaithe.




Sainaithníodh riachtanais foghlama le haghaidh 2024 trí anailís a dhéanamh ar riachtanais foghlama ar leibhéal na heagraíochta. Rinneamar athbhreithniú freisin ar na riachtanais aonair a sainaithníodh trínár gcóras bainistíochta feidhmíochta, ePMDS.

D'fhreastail 1,454 bhall foirne GSOC ar 125 eispéireas foghlama beo le linn 2024. Tháinig méadú faoi thrí ar an rátáil foriomlán rannpháirtíochta i gcomparáid le 2023. Léiríonn an méadú sin tuilleadh infheistíochta agus béim níos mó ar thacú le forbairt bhaill foirne GSOC, chomh maith lenár n-iarrachtaí chun baill foirne a ullmhú do thosach feidhme an Achta PSSP.



# 9
# GEARÁIN

# 9. GEARÁIN

## An Chaoi a bhFaigheann agus a nImscrúdaíonn GSOC Gearáin

Leagtar amach in Ailt 83 go 101 den Acht an chaoi a ndéantar gearáin ina líomhnaítear mí-iompar ag an nGarda chuig GSOC. Caithfidh go mbeidh mí-iompar an Gharda, mar a chreideann tú, bheith imithe i gcion ort go díreach, caithfidh tú bheith i d'fhinné ar an mí-iompar líomhainte nó féadann tú gearán a dhéanamh thar ceann duine eile má tá toiliú faighte agat. Tá roinnt bealaí ann le gearáin a dhéanamh do GSOC, bíodh sé sin foirm ghearáin GSOC1 a chomhlánú ar líne, i scríbhinn, tríd an bpost, via r-phost nó via comhfhreagras ó Stáisiúin na nGardaí.

### Inghlacthacht

Measúnaítear gach gearán a fhaigheann GSOC in aghaidh liosta de chritéir arna leagan amach in alt 87 den Acht. Leagtar amach sa liosta seo na critéir nach mór go sásódh gearán iad chun go gceadóidh GSOC é i gcomhair imscrúdaithe. Mura sásaíonn gearán na critéir ní cheadóidh GSOC é agus measfar nach bhfuil sé inghlactha.

Caithfidh gearán na critéir seo a leanas a shásamh chun go ndéanfar é a imscrúdú:

- Caithfidh go mbeidh sé déanta ag (nó, i dtosca áirithe, thar ceann) duine a bhfuil an iompraíocht is ábhar don ghearán imithe I gcion go díreach air, nó atá mar fhinné air;
- Caithfidh go mbainfidh sé le hiompraíocht ag comhalta den Gharda Síochána a bheadh ina chion coiriúil nó ina shárú ar araíonacht an Gharda dá gcruthófaí gur tharla sé;
- Caithfear é a dhéanamh laistigh de bhliain amháin tar éis an teagmhais is ábhar don ghearán;
- Ní ceadaithe dó bheith suaibhreosach ná cráiteach;
- Ní ceadaithe dó bheith bainteach le stiúradh agus rialú ginearálta an Gharda Síochána ag Coimisinéir na nGardaí;
- Ní ceadaithe dó bheith bainteach le hiompraíocht comhaltaí den Gharda Síochána nuair nach raibh an comhalta ar dualgas, mura rud é go dtarraingeodh an t-iompar a líomhnaítear, dá gcruthófaí gur tharla sé, míchlú ar an nGarda Síochána.

### Cineálacha Gearán

#### Coiriúil

Imscrúdaíonn imscrúdaitheoirí de chuid GSOC gearáin ar bith a mbíonn líomhaintí de chineál coiriúil in aghaidh Gardaí i gceist leo. Déantar imscrúduithe den saghas seo faoi alt 98 den Acht. Agus iad ag stiúradh imscrúduithe coiriúla, bíonn lánchumhachtaí póilíneachta ag imscrúdaitheoirí GSOC, ar aon chéim leis na cumhachtaí, díolúintí agus pribhléidí ar fad atá bronnta, agus na dualgais ar fad atá leagtha, ar chomhaltaí den Gharda Síochána.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe coiriúla.

#### Araíonacht

Imscrúdaítear gearáin a fhaigheann GSOC a bhaineann le sáruithe líomhainte araíonachta faoi alt 94 nó 95 den Acht. Faoin reachtaíocht reatha, féadtar sáruithe araíonachta a imscrúdú i gceann amháin de na bealaí seo:

- → **Imscrúdú araíonachta faoi stiúir GSOC** a dhéanann imscrúdaitheoirí GSOC féin. Tagann imscrúduithe dá leithéid chun cinn nuair a shainaithnítear ceisteanna araíonachta nó ceisteanna córasacha beartais le linn imscrúdaithe choiriúil, agus gur gá na ceisteanna sin a fhiosrú go leithleach. Déileáiltear leo seo faoi alt 95 den Acht.
- → **Imscrúduithe gan Mhaoirseacht** Tarchuirtear don Gharda Síochána iad lena n-imscrúdú agus is Oifigigh Sinsearacha Imscrúdaithe den Gharda Síochána (GSIO) a bhainistíonn iad, mar a leagtar amach san Acht.

Bíonn imscrúduithe gan mhaoirseacht faoi réir ag sásraí athbhreithnithe má bhíonn an gearánach míshásta leis an toradh. Féadann tú iarraidh a dhéanamh an t-imscrúdú a athbhreithniú faoi alt 94(10) den Acht.

- **Imscrúduithe faoi Mhaoirseacht** Stiúrann comhalta ag céim Ceannfoirt sa Gharda Síochána iad agus maoirsíonn GSOC iad.

Áirítear ar na cás-staidéir sna rannáin seo a leanas samplaí de roinnt imscrúduithe araíonachta.

**Tarchuir faoi Alt102**
Déantar foráil le hAlt 102 den Acht d'imscrúdú neamhspleách ar aon ní inar cosúil go bhféadfadh sé go mbeadh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána.

**Imscrúduithe chun Leas an Phobail**
Déantar foráil le hAlt 102(4) den Acht go ndéanfaidh GSOC imscrúduithe chun leas an phobail taobh amuigh de na gnáthphróisis gearán nó tarchur.

### Ár dTionscnamh Idirghabhála Áitiúla

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Idirghabhála Áitiúla ar bhonn píolótach in 2018, agus is cuid lárnach anois é den chaoi ina láimhseálaimid gearáin. Tá sé mar aidhm aige mionghearáin ag leibhéal seirbhíse a réiteach ar an leibhéal áitiúil, gan gá le himscrúdú foirmiúil. Is gnách go mbaineann gearáin dá leithéid le líomhaintí faoi mhíchúirtéis nó teipeanna a mbeadh leibhéil níos ísle faillí sa dualgas i gceist leo. Faoin bpróiseas seo, déanann cigirí ainmnithe den Gharda teagmháil le gearánaigh a bhfuil sé curtha in iúl acu gur mian leo gabháil leis an tionscnamh, agus iarracht a dhéanamh an scéal a réiteach trí idirphlé. Bíonn an fócas ar an bhfadhb a réiteach seachas milleán a leagan ar dhaoine.

Más rud é nach n-éiríonn leis an idirghabháil, filleann an gearánach ar GSOC, agus measúnaítear i gcomhair inghlacthachta é.

Lainseáladh an tionscnamh chun an t-am a thógtar chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin a laghdú, trí chásanna a shainaithint nach mbeadh sé chun tairbhe don ghearánach imscrúdú a lainseáil faoi Alt 94 den Acht.

Tá rannpháirtíocht mhaith ag an nGarda Síochána san Idirghabháil Áitiúil agus tá tionchar maith aige ar Ghardaí, ar GSOC agus ar ghearánaigh araon, mar gheall go gcuireann sé bealaí níos éifeachtaí ar fáil chun dul i ngleic le gearáin ag leibhéal na seirbhíse. Chun briseadh síos a fháil ar thorthaí agus tionchar ár dtionscnaimh idirghabhála áitiúil in 2021, mar aon le roinnt cás-staidéar, féach rannán 13.

## Príomhfhíricí agus Figiúirí maidir le Gearáin in 2024

### An Líon Fiosrúchán

Is é Aonad Cásoibre GSOC a láimhseálann fiosrúcháin agus gearáin sa chéad ásc.

In 2024, phléigh cásoibrithe le **4,238** bhfiosrúchán. Ar dtús, osclaítear gach teagmháil ar ár gcóras mar 'fiosrúchán', go dtí go mbíonn dóthain eolais againn chun é a uasghrádú go dtí gearán agus a mheasúnú i gcomhair inghlacthachta.

Fuair GSOC **2,590** glao chuig an uimhir íosghlao le linn 2024. Freagraíodh tuairim is **97.4 faoin gcéad** de na glaonna laistigh de 60 soicind.

In 2024, chas cásoibrithe le **44** duine inár n-oifig phoiblí.

## An Líon Gearán

Osclaíodh **2,226** ghearán in 2024. Féadann níos mó ná líomhain amháin a bheith i ngearán, agus bhí 2,883 líomhain ar leithligh sna 2,226 gearán a fuarthas in 2024.

Ba iad na himthosca ba mhó as a d'eascair gearáin in 2022 ná 'seirbhís do chustaiméirí' (22%), iompar Gardaí le linn dóibh daoine a ghabháil (15%) agus imscrúduithe a dhéanamh (13%).

### LÁ I SAOL AN CHÁSOIBRÍ

Is é an tAonad Cásoibre an chéad phointe teagmhála don phobal más mian leo gearán a bhaineann le mí-iompar ag Garda a dhéanamh. Le Cásobair, féadann daoine den phobal teagmháil a dhéanamh lenár gcásoifigigh faoina bhfiosrúcháin ar ár líne teileafóin thiomnaithe. Faightear gearáin ar bhealaí éagsúla; ar ríomhphost, ar fhoirmeacha gearáin ar líne, tríd an bpost agus ó dhaoine ar an láthair, nuair is cuí.
Tá foireann inghlacthachta thiomnaithe ag an Aonad Cásoibre, agus is í an fhoireann seo a chinnfidh cé acu an nglacfar le do ghearán lena imscrúdú.

Staidreamh do ghnáthlá san Aonad Cásoibre:

- Faightear 261 ríomhphost sna boscaí ríomhphoist.
- Faightear 6 mhír chomhfhreagrais tríd an bpost.
- Faightear 13 ghlao ar an líne faisnéise don phobal.
- Fágtar 11 teachtaireacht taobh amuigh d'uaireanta oibre le glaoch ar ais orthu. Freastalaítear ar na hiarrataí sin laistigh de 24 uair an chloig, de ghnáth.
- Faightear 4 iarraidh ar chóipeanna crua d'fhoirmeacha.

Fuarthas sé theagmháil nua agus fiche (26) agus osclaíodh iad ar chórais inmheánacha GSOC. Déantar scrúdú i gcomhair cosaint leanaí agus ábhair imní eile ar gach cás a fhaightear.

I dteagmhas amháin a tharla anuraidh agus ar tugadh an-aird air, fuair Aonad Cásoibre GSOC os cionn 100 teagmháil ar leithligh ó dhaoine ar fud an domhain. Ní raibh formhór mór na ndaoine sin ina bhfinnéithe ar an teagmhas i gceist, ach tugadh freagra ar leithligh ar gach aon teagmháil. Is obair í sin nach féidir a ghabháil sna tuarascálacha staidrimh traidisiúnta.

I measc na ndualgas eile a dhéantar ar ghnáthlá tá litreacha a eisiúint do ghearánaigh agus do Ghardaí ar ábhair éagsúla, ina measc cásanna oscailte agus cásanna a shanntar lena n-imscrúdú de bhun Alt 94 (1), agus gnáthbhainistiú comhad.

**Tábla D: Dálaí na ngearán a cinneadh ar an ngearán a fháil (Líon iomlán gearán: 2,226)**

| | Gearáin | % |
|---|---|---|
| Seirbhís do Chustaiméirí | 492 | 22% |
| Gabháil | 331 | 15% |
| Imscrúdú | 292 | 13% |
| Póilíneacht Bhóthair | 270 | 12% |
| Eile | 182 | 9% |
| Ceist Mhaoine | 125 | 6% |
| Cuardach (Duine / Maoin) | 134 | 6% |
| Teagmhas Baile | 86 | 4% |
| Imeachtaí Cúirte | 74 | 3% |
| Nochtadh Faisnéise | 62 | 3% |
| Póilíneacht Oird Phoiblí | 53 | 2% |
| Gnó Sibhialta | 55 | 2% |
| Imeacht Poiblí | 33 | 1% |
| Inimirce | 12 | 1% |
| Le linn Coimeádta ag an nGarda | 25 | 1% |


Áirítear ar na nithe coitianta a ndéanann daoine gearán fúthu chuig GSOC -

- **Seirbhís do Chustaiméirí** - Baineann sé seo leis an gcaoi a gcaitheann comhaltaí den Gharda le daoine agus iad ag plé leis an bpobal.
- **Gabháil** - Baineann sé seo le gearán ar bith a eascraíonn as nó a bhaineann le gabháil. Ní gá gurb é an gearánaí an duine a gabhadh.
- **Imscrúdú** - Baineann sé seo le gearán ar bith faoi imscrúdú ag na Gardaí. Áirítear ann, mar shampla, cáilíocht agus tráthúlacht an imscrúdaithe agus na línte fiosrúcháin a bhunaítear.
- **Póilíneacht Bhóthair** - Baineann sé seo le gearán ar bith faoi chás bóthair nó tráchta a bhaineann leis na Gardaí.

## Cinntí maidir le hInghlacthacht

In 2024, fuarthas líon iomlán de **2,226** ghearán. Measadh go raibh 1,281 (58 faoin gcéad) inghlactha (líomhain inghlactha amháin ar a laghad iontu). Measadh go raibh 945 (42 faoin gcéad) neamh-inghlactha.

**Cairt 2: Inghlacthacht Gearán (líon iomlán gearán: 2,226)**



## Cineálacha Gearán


**Tábla E: Cineálacha Líomhaintí i nGearáin ar Glacadh Leo - 1,281 gearán ar glacadh leo ina raibh 1,927 líomhain**

| | Líomhaintí | % |
|---|---|---|
| Faillí sa Dualgas | 734 | 38% |
| Cionta Neamh-mharfacha | 433 | 22% |
| Mí-úsáid Údaráis | 288 | 15% |
| Míchúirtéis | 200 | 10% |
| Eile | 100 | 5% |
| Falsacht nó fiaradh fírinne | 38 | 2% |
| Damáiste Coiriúil | 31 | 2% |
| Sárú Tráchta ar Bhóithre | 39 | 2% |
| Úsáid Mhíchuí Faisnéise | 25 | 1% |
| Cion Gnéasach | 16 | 1% |
| Smacht Comhéigneach | 13 | 1% |
| Idirdhealú | 10 | 1% |

Áirítear i measc na nithe coitianta a ndéanann daoine gearán fúthu chuig GSOC:

- **Faillí sa Dualgas** – líomhaintí nár ghlac beart a mbeifí ag súil go réasúnta leis – amhail glaoch ar ais ar dhuine ar thaobh amháin den scála, go dtí gan imscrúdú ceart a dhéanamh faoi choir thromchúiseach a líomhnaíodh ar an taobh eile; is samplaí iad sin de 'faillí sa dualgas'.
- **Cionta Neamh-mharfacha** – líomhaintí iad seo faoi chion coiriúil arna liostú san Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 agus áirítear orthu, mar shampla, ionsaí.
- **Mí-úsáid Údaráis** – Is iad úsáid iomarcach fornirt, nó ordú rud éigin a dhéanamh a chreideann an gearánach nach raibh sé d'údarás ag an nGarda a ordú na príomhchineálacha líomhaintí arna gcatagóirí mar 'mhí-úsáid údaráis.
- **Míchúirtéis** – gearáin faoin gcaoi ar labhair Garda le duine nó ar chaith Garda le duine.

**Cairt 3: Imscrúduithe a osclaíodh de réir cineáil (líon iomlán gearán ar glacadh leo lena n-imscrúdú: 1,281)**





# 10 IMSCRÚDUITHE DE BHUN GEARÁN: TORTHAÍ IN 2024

# 10. IMSCRÚDUITHE DE BHUN GEARÁN: TORTHAÍ IN 2024

## Forléargas ar imscrúduithe 2024

In 2024,

- Chuir GSOC 67 gcomhad ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí tar éis imscrúduithe coiriúla. Ciallaíonn sé sin go measann GSOC go bhféadfadh sé go ndearnadh cion coiriúil.
- Fuair GSOC 48 n-ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2024. Astu sin, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndéanfaí 22 gcion a ionchúiseamh (a bhain le 13 chomhad imscrúdaithe) agus d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a dhéanamh i ndáil le 35 imscrúdú. Bhain na horduithe sin le himscrúdú coiriúil a tosaíodh in 2024 agus i mblianta roimhe sin.
- Bhí aon imscrúdú chun leas an phobail déag (11) ar oscailt in 2024 agus dúnadh 26.
- Bhí GSOC i láthair sa chúirt 110 uair i ndáil le hionchúisimh choiriúla in 2024. Rinne imscrúdaitheoir GSOC agus/nó ionadaí dlí ionadaíocht ar GSOC sa chúirt.
- Bhí GSOC i láthair sa chúirt 29 n-uaire i ndáil le cásanna sibhialta, mar shampla, Athbhreithnithe Breithiúnacha, Nochtadh Neamh-Pháirtí. Rinne imscrúdaitheoir GSOC agus/nó ionadaí dlí ionadaíocht ar GSOC sa chúirt.
- Rinneadh trí (3) iarratas DAR (Digital Audio Recording - Taifeadadh Digiteach Fuaime) sa chúirt in 2024.
- Tar éis imscrúdú araíonachta a thabhairt chun críche, sheol imscrúdaitheoirí GSOC 65 thuarascáil chuig an nGarda Síochána inar moladh gur sáraíodh araíonacht.
- Tarchuireadh ochtó a hocht (88) smachtbhanna tar éis imscrúduithe araíonachta a thabhairt chun críche.
- Tar éis 37 dtarchur a fháil in 2024, shann GSOC 6 Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh (FLO) do theaghlaigh a bhí ag déileáil le bás agus gortuithe tromchúiseacha. Tugtar míniú níos mionsonraithe ar ról an FLO ar leathanach 60.
- Bhí imscrúdaitheoirí GSOC páirteach in 18 gcoiste cróinéara in 2024. Tugtar míniú níos mionsonraithe ar ról GSOC sa Chúirt Chróinéara ar leathanach 61.
- Bunaithe ar rath an chláir Idirghabhála Áitiúla ar tugadh cuntas air thuas, réitigh GSOC 221 chás ar an gcaoi sin in 2024.
- Fuarthas tríocha a haon (31) Nochtadh Cosanta in 2024, dúnadh 37 gceann agus bhí 56 idir lámha ag deireadh na bliana.
- D'eisigh GSOC 6 Mholadh Chórasacha in 2024. Tugtar míniú níos mionsonraithe ar Mholtaí Córasacha ar leathanach 73.
- Ar deireadh, mar chuid de shraith cumhachtaí GSOC, tá rochtain ag GSOC ar Shonraí Cumarsáide de bhun an Achta Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) 2011, arna leasú, in imscrúduithe coiriúla. Áirítear ar na sonraí sin cé hé/hí úsáideoir cláraithe fón póca (Sonraí Úsáideora), agus sonraí eile, mar shampla liosta do ghlaonna a rinneadh/a fuarthas ar dhátaí agus le linn tréimhsí sonracha (Orduithe chun Fianaise a Thabhairt ar Aird). Aithnítear gur shonraí an-íogaire iad sin agus dá bhrí sin éilítear leibhéil éagsúla údaráis leis an Acht chun rochtain a dhéanamh ar a leithéid de shonraí, lena n-áirítear (i gcás sonraí áirithe) iarratas chuig Breitheamh Cúirte Dúiche. Rinne GSOC na hiarratais seo a leanas in 2024:

**Tábla F: Iarratais um Shonraí Cumarsáide in 2024**

| Reachtaíocht | Iarratais |
|---|---|
| A.6(1)(b)(i) - Sonraí Úsáideora | 44 |
| A.6C - Sonraí Idirlín | 4 |
| A.7(A(5) - Ordú um Chaomhnú | 19 |
| A.7(0(5) - Ordú chun Fianaise a Thabhairt ar Aird | 22 |

## Fad Ama a Glacadh chun Imscrúduithe a Dhúnadh

**Imscrúduithe Coiriúla**

In 2024, dhún GSOC 514 ghearán a measadh mar inghlactha agus rinne sé imscrúdú orthu mar ábhar coiriúil ag céim éigin den phróiseas.

Chaith imscrúdaitheoirí GSOC 205 lá, ar an meán, ag imscrúdú an chuid choiriúil de na gearáin thuas. 124 lá an luach airmheánach (raon íosta: 0 lá, uasta: 1581 lá).

**Imscrúduithe araíonachta faoi stiúir GSOC**

Déanann imscrúdaitheoirí GSOC imscrúduithe faoi stiúir GSOC agus pléitear leo faoi Alt 95 den Acht.

In 2024, dhún GSOC 92 ghearán a measadh mar inghlactha agus rinne sé imscrúdú orthu mar ábhar araíonachta faoi stiúir GSOC ag céim éigin den phróiseas.

Chaith imscrúdaitheoirí GSOC 343 lá, ar an meán, ag imscrúdú na gnéithe araíonachta de na gearáin thuas. 159 lá an luach airmheánach (raon íosta: 0 lá, uasta: 1756 lá).

**Imscrúduithe gan mhaoirseacht agus faoi mhaoirseacht**

Is iad Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána a thugann faoi imscrúduithe araíonachta gan mhaoirseacht (GSIOanna).

In 2024, dhún GSOC 612 ghearán a measadh mar inghlactha agus rinne sé imscrúdú orthu mar ábhair araíonachta gan mhaoirseacht ag céim éigin den phróiseas.


Bhí 195 lá, ar an meán, i gceist leis an bpróiseas imscrúdaithe gan mhaoirseacht a dhéanamh. 153 lá an luach airmheánach (raon íosta: 0 lá, uasta: 1283 lá).

Is iad Oifigigh Imscrúdaithe an Gharda Síochána arna maoirsiú ag oifigigh imscrúdaithe GSOC a thugann faoi imscrúduithe araíonachta faoi mhaoirseacht.


In 2024, dhún GSOC 85 ghearán a measadh mar inghlactha agus rinne sé imscrúdú orthu mar ábhair araíonachta faoi mhaoirseacht ag céim éigin den phróiseas.

Bhí 274 lá, ar an meán, i gceist le himscrúdú a dhéanamh ar na gnéithe araíonachta de na gearáin thuas sa phróiseas imscrúdaithe faoi mhaoirseacht. 182 lá an luach airmheánach (raon íosta: 1 lá, uasta: 1364 lá).

**Cairt 4:** **Meánmhéid Ama sa Chéim**




**Cairt 5:** **Méid Airmheánach Ama sa Chéim**



# Imscrúduithe de bhun Gearán: Cás-Staidéir 2024

## Imscrúduithe de bhun gearán: samplaí ar gearradh smachtbhannaí ina leith

### CÁS-STAIDÉAR 1

Rinne Ceannfort tarchur do GSOC faoi Alt 102 den Acht ar an mbonn gur bhásaigh fear sna huaireanta an chloig tar éis dó a bheith scaoilte saor ó bheith faoi choimeád an Gharda Síochána.

Ghabh Gardaí duine den phobal as cion gadaíochta in ollmhargadh agus coinníodh é i Stáisiún Garda gar don áit ar feadh roinnt uaireanta an chloig. Chuir an fear in iúl do na Gardaí go raibh alcól agus drugaí tógtha aige agus rinneadh tagairt do bheith ag smaoineamh ar lámh a chur ina bhás féin. Tháinig dlíodóir an fhir chuig an Stáisiún Garda agus thug sé cuairt air. Ina dhiaidh sin, cúisíodh an fear agus scaoileadh saor é ar bhannaí an stáisiúin. Sna huaireanta an chloig tar éis dó a bheith scaoilte saor ó bheith faoi choimeád, bhuail carr a bhí ag taisteal ar ardluas an fear agus é ag siúl abhaile ar príomhbhóthar. Fuair sé bás ar an láthair.

Fuair GSOC scannánaíocht TCI ó shuíomh na gadaíochta a thaispeáin a ghníomhaíochtaí laistigh agus lasmuigh den siopa. Fuair GSOC scannánaíocht TCI ón Stáisiún Garda ina raibh an fear á choinneáil a raibh fís agus fuaim ardcháilíochta inti. Taispeánadh a idirchaidreamh iomlán le Gardaí agus na comhráite a tharla ann sa scannánaíocht TCI ón Stáisiún Gardaí. Fuair GSOC cóip den taifead coimeádta, iontrálacha i leabhar nótaí, cóipeanna de ráitis a rinne Gardaí ráitis ó fhinnéithe, scannánaíocht ó dhaischeamara, taifeadtaí ó ghlaonna 999, grianghraif den láthair agus cóip den tuarascáil fhóiréinseach ón imscrúdaitheoir imbhuailte.

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir a bailíodh, tháinig GSOC ar an gconclúid, cé go ndearna an fear tagairt do chlaontaí féinmharfacha a bheith aige do na Gardaí, nár thug na rudaí eile a dúirt sé lena dhlíodóir agus le Gardaí fad a bhí sé faoi choimeád le tuiscint go raibh aon ábhar imní láithreach ann dá shláinte agus dá shábháilteacht, ná níor chuir siad in iúl go raibh sé beartaithe aige é féindochar tromchúiseach a dhéanamh.

Tháinig GSOC ar an gconclúid nár léirigh an t-imscrúdú go ndearna aon Gharda aon chion coiriúil ná araíonachta a d'éileodh imscrúdú breise. Scoireadh den imscrúdú.

**CÁS-STAIDÉAR 2**

Rinne Ceannfort tarchur chuig GSOC faoi Alt 102 den Acht, nuair a dhealraigh sé gur thug an t-ábhar i gceist le tuiscint go bhféadfadh sé go raibh díobháil thromchúiseach duine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána. Rinne GSOC athbhreithniú ar an gcion líomhnaithe agus cinneadh nár shroich an tarchur an tairseach maidir le díobháil thromchúiseach. D'úsáid GSOC a chumhachtaí chun tús a chur le himscrúdú coiriúil chun leas an phobail.

Líomhain duine, a bhí gafa agus faoi choimeád an Gharda Síochána, gur ionsaigh Sáirsint iad agus iad faoi choimeád an Gharda Síochána, cé nach raibh baint ag an Sáirsint leis an ngabháil. Líomhain comhalta sóisearach den Gharda Síochána gur thug a Sáirsint treoir di taifead bréagach den teagmhas a dhéanamh i dTaifead an Gharda ar Choimeád. Leasaigh an comhalta an taifead ina dhiaidh sin agus shonraigh an leagan ceart den mhéid a tharla.

Lorg imscrúdaitheoir GSOC scannánaíocht TCI ach ní raibh córas TCI suiteáilte sa stáisiún Garda ag an am. Bhí ar an imscrúdaitheoir brath ar roinnt mhaith ráiteas a ghlacadh ó Ghardaí, ina measc an comhalta a líomhain gur tugadh treoir di taifead bréagach a dhéanamh, agus Gardaí a bhí san áit inar tharla an t-ionsaí sa stáisiún Garda. D'urghabh GSOC an Taifead ar Choimeád ón stáisiún ina raibh an iontráil leasaithe agus chuir an Sáirsint faoi agallamh faoi dhó tar éis foláireamh a thabhairt dó.

D'iontráil an Sáirsint pléadáil neamhchiontach as an dá chúiseamh ach fuair Breitheamh Cúirte Dúiche ciontach é agus cúisíodh é sa dá chúiseamh i.e. Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine,1997 agus cúiseamh eile, a dúirt an Breitheamh gurbh é an cúiseamh níos tromchúisí é, féachaint le cúrsa an cheartais a shaobhadh contrártha don Dlí Coiteann.

D'fhorchuir an Breitheamh Dúiche pianbhreith de 80 seirbhíse pobail in ionad 4 mhí sa phríosún.

### CÁS-STAIDÉAR 3

Rinne veain champála a bhí ag dul thairis agus nár stad damáiste do scáthán sciathánach an ghearánaigh. Líomhain an gearánach gur theip ar na Gardaí imscrúdú ceart a dhéanamh ar an imbhualadh agus gur theip ar na Gardaí iad a choinneáil ar an eolas faoi chás an imbhuailte.

Seoladh an gearán sin chuig an nGarda Síochána chun é a imscrúdú agus a dtorthaí a thuairisciú do GSOC. Fuarthas lena n-imscrúdú go raibh sárú déanta ag an gcomhalta maidir leis an gcéad líomhain, ós rud é go raibh easpa nuashonruithe ar chóras PULSE an Gharda Síochána don chéad 10 seachtain. Cuireadh comhairle ar an gcomhalta den Gharda dá réir. Fuarthas nach raibh sárú déanta ag an gcomhalta maidir leis an dara líomhain ós rud é nárbh ann d'fhianaise chun tacú le cuntas an ghearánaigh ná an chomhalta ar cathain a rinneadh/nach ndearnadh glaonna.

### CÁS-STAIDÉAR 4

Bhí an gearánach ag tiomáint nuair a chuaigh veain tharstu, stop sí rompu, tháinig beirt fhear amach aisti agus sluasaid acu, agus thosaigh siad ag bagairt ar an ngearánach léi. Líomhain an gearánach gur theip ar an nGarda Síochána freagra a thabhairt ar a gcomhfhreagras agus teachtaireachtaí, agus gur theip orthu aon nuashonrú a thabhairt maidir leis an gcás. Líomhain an gearánach freisin gur scriosadh amach an cás sa chúirt ós rud é gur seoladh an toghairm chuig an seoladh mícheart agus gur chuir comhalta in iúl dóibh nár seirbheáladh an toghairm.

Cuireadh an cás chuig an nGarda Síochána lena imscrúdú le toiliú an ghearánaigh. Mhol Imscrúdaitheoir an Gharda Síochána do GSOC scor den imscrúdú. Fuarthas gur labhair an gearánach le Garda amháin, triúr Sáirsintí, Cigire amháin agus Ceannfort amháin maidir lena gcás. Ina theannta sin, fuair an gearánach sé ghlao gutháin agus trí litir ó na Gardaí. Bhí an chéad chomhalta a rinne imscrúdú ar an gcás tar éis éirí as a bpost sa Gharda Síochána gan an comhad a thabhairt ar láimh i gceart. Sa ghlao gutháin leis an ngearánach, d'admhaigh an Ceannfort go raibh an tseirbhís a tugadh don ghearánach faoi bhun an chaighdeáin agus go raibh bearta maolaithe éagsúla tugtha isteach lena chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís. Fuair fiosrúcháin chuig Oifig na Cúirte Dúiche gur scriosadh amach an toghairm mar gheall ar an rangú "D'éirigh Garda as post".

### CÁS-STAIDÉAR 5

Chuir an gearánach in iúl gur chonaic siad veain bhán á tiomáint go contúirteach ar an taobh mícheart den bhóthar agus ar an gcosán ar imeall a gcuid maoine. Líomhain an gearánach nach raibh na Gardaí sásta gníomh a dhéanamh faoin tiomáint chontúirteach a bhí tuairiscithe acu agus gur dhearbhaigh Gardaí ceart an tiománaí tiomáint ar an taobh mícheart den bhóthar agus ar an gcosán.

Tarchuireadh an cás chuig an nGarda Síochána lena imscrúdú agus a dtorthaí a thuairisciú do GSOC. Tar éis an imscrúdaithe, fuarthas go raibh sárú déanta ag comhalta amháin den Gharda Síochána as teip i ndeis a thabhairt don ghearánach ráiteas gearáin foirmiúil a dhéanamh agus as gan comhad imscrúdaithe a chruthú agus a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun ordú a thabhairt ina leith. Cuireadh Comhairle ar an gcomhalta sin. Fuarthas nach raibh sárú araíonachta déanta ag an dara comhalta.

### CÁS-STAIDÉAR 6

Dúirt an gearánach go ndeachaigh siad chuig Stáisiún Garda tar éis coinne a dhéanamh chun ráiteas a thabhairt i leith smacht comhéigneach a rinne a n-iar-pháirtí. Nuair a tháinig siad i láthair sa stáisiún, ní raibh an comhalta in ann glacadh lena ráiteas an lá sin mar gheall ar chúinsí gan choinne agus comhaontaíodh an dáta a athrú. Fad a bhí an gearánach sa staisiún, thug siad fianaise ar láimh mar chuid dá ngearán agus dúirt siad gur dhúirt an comhalta go ndéanfaidís imscrúdú ar an ábhar. Dúirt an gearánach nár chuala sé dada ón stáisiún ina dhiaidh sin agus gur chreid sin gurbh é a n-inscne ba chúis leis sin.

Tarchuireadh an gearán chuig an nGarda Síochána lena imscrúdú agus a dtorthaí a thuairisciú do GSOC. Fuarthas go raibh sárú araíonachta déanta ag an gcomhalta den Gharda Síochána i ndáil le trí chúiseamh as Faillí sa Dualgas. Tugadh Rabhadh don chomhalta sin.

### CÁS-STAIDÉAR 7

Dúirt an gearánach go ndearnadh buirgléireacht ar a dteach agus gur thuairiscigh siad é sin don Gharda Síochána. Líomhain an gearánach nach ndearnadh aon iarracht fianaise a bhailiú. Líomhain an gearánach freisin, d'ainneoin roinnt mhaith ríomhphost a sheoladh chuig na Gardaí chun cabhrú lena bhfiosrúcháin, gur insíodh dóibh nach raibh aon amhrastach ann sa chás. Líomhain an gearánach go raibh An Garda Síochána ag cabhrú leis an duine a rinne an bhuirgléireacht, seachas iad a ghabháil agus a chúiseamh.

Léiríodh i dtuarascáil imscrúdaitheoirí an Gharda Síochána, gur gabhadh agus gur cúisíodh amhrastach, d'ainneoin na n-éilimh ina choinne sin a rinne an gearánach. Taispeánadh freisin gur lean Gardaí na prótacail atá ar bun dá leithéid de chás agus gur choinnigh na comhaltaí a bhí i bun an imscrúdaithe i dteagmháil leis an ngearánach, agus gur thug siad nuashonruithe tráthúla ar a n-imscrúdú. Tugadh an t-amhrastach os comhair na Cúirte ar chúisimh a bhain leis an mbuirgléireacht a rinneadh ar theach an ghearánaigh.

### CÁS-STAIDÉAR 8

Líomhain an gearánach gur ghearr feithicil de chuid an Gharda Síochána thar an lána ina raibh sé ag tiomáint, gan comhartha a thabhairt, agus gur bheag nár bhuail sé an fheithicil de chuid an Gharda Síochána dá bharr.

Sainaithníodh an comhalta den Gharda Síochána a bhí ag tiomáint na feithicle agus cuireadh agallamh air tar éis foláireamh a thabhairt dó. Dheimhnigh sé gur athraigh sé lána agus shéan sé tiomáint ar chaoi a bhí míchúramach nó contúirteach. Dúirt sé go raibh sé ar an mbealach chun freastal ar ghlao 999 agus go raibh gach beart a rinne sé mar fhreagairt air sin. Comhthacaíodh lena fhreastal ar an nglao 999. Níorbh ann d'aon fhianaise TCI ná finnéithe neamhspleácha ar an líomhain. Níorbh ann d'aon fhianaise chun comhthacú le líomhaintí an ghearánaigh faoin ábhar agus dúnadh an cás dá réir.

**CÁS-STAIDÉAR 9**

Líomhain an gearánach gur ionsaigh Garda é le linn a ghabhála. Tharla an teagmhas go moch ar maidin nuair a bhí sé féin agus a bhean chéile ag teacht ó theach a mháthar. Bhí a mháthair tar éis bás a fháil uaireanta an chloig roimhe sin. Líomhain sé gur bualadh é roinnt uaireanta le smachtín agus gur spraeáladh é le sprae piobair.

Ghlac GSOC ráitis ón ngearánach. Fuarthas na grianghraif de ghortuithe agus na físeáin a ghlac a bhean chéile agus finné eile ar a bhfóin agus fuair GSOC na tuairiscí leighis.

Sainaithníodh an Garda i gceist. Sainaithníodh an Garda a bhí ina breathnóir an oíche sin agus tógadh ráiteas finné uaithi. Dúirt sí nach raibh aon ghá leis an bhforneart a úsáideadh agus nach raibh aon ghá leis an ngabháil.

Rinneadh cuardach ar scannánaíocht TCI sa cheantar lenar bhain toradh diúltach.

Cuireadh agallamh ar an gcomhalta den Gharda Síochána a ndearnadh an gearán faoi tar éis foláireamh a thabhairt dó. Shéan sé an líomhain agus dúirt sé go raibh údar le húsáid fornirt.

Ullmhaíodh comhad imscrúdaithe agus cuireadh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é. Fuarthas ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a dhéanamh i gcúiseamh amháin ionsaithe, contrártha d’Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine,1997.

Éisteadh an cás roimh Bhreitheamh sa Chúirt Dúiche. Tar éis cás iomlán ar cuireadh ina choinne, fuarthas an comhalta den Gharda Síochána neamhchiontach as ionsaí.

**CÁS-STAIDÉAR 10**

Rinne Ceannfort tarchur chuig an gCoimisiún Ombudsman. Bhain an tarchur le bás mná agus í faoi choinneáil i Stáisiún Garda. Ar na fíricí a imscrúdú, cuireadh tús le himscrúdú araíonachta.

Rinneadh imscrúdú iomlán ar na cúinsí maidir le coinneáil na mná.

Bhí an bhean á coinneáil lena chinntiú go bhfreastalódh sí ar Chúirt Dúiche Chathair Bhaile Átha Cliath ag an gcéad shuí eile sa chúirt sin. B'éigean í a choinneáil mar ní raibh de rogha ag Gardaí í a scaoileadh saor ar bhannaí mar gheall ar thrí bharántas binse a bheith amuigh ina leith. Le barántais den chineál sin, baintear de rogha ón gcomhalta i gceannas an Stáisiúin Gharda duine a scaoileadh saor ar an rud a dtugtar bannaí stáisiúin air.

Léirigh athbhreithniú ar scannánaíocht TCI ag an Stáisiún Garda i gceist, maidir leis na hiontrálacha a chuir Garda faoi leith sa taifead ar choimeád faoi chuairteanna ar chillín na mná, nach raibh siad cruinn. Thaifead an comhalta den Gharda Síochána iontrálacha sa taifead ar choimeád faoi cuairteanna ar chillín na mná nár tharla.

Níor chuir an fhaillí líomhnaithe ag an gcomhalta den Gharda Síochána le bás na mná. Bhí cuairt a thug dochtúir ar an mbean tar éis a sheal ar dualgas a bheith críochnaithe ag an nGarda i gceist liostaithe sa taifead ar choimeád. Níor ardaigh an dochtúir aon ábhair imní faoi choinníollacha na coinneála, ná faoi chomharthaí féideartha go bhfaigheadh sí bás go tobann.

Cuireadh tuairisc ar imscrúdú araíonachta faoi bhráid Choimisinéir an Gharda Síochána. D'fhorchuir Coimisinéir an Gharda Síochána smachtbhanna ar an gcomhalta i gceist.

**CÁS-STAIDÉAR 11**

Rinne duine den phobal gearán chuig GSOC inar líomhain siad gur ionsaigh comhalta den Gharda Síochána nach raibh ar dualgas iad. Líomhain an gearánach gur bualadh sa chloigeann iad roinnt uaireanta i mbeár i mBaile Átha Cliath. Bhí an gearán inghlactha agus chuir GSOC tús le himscrúdú coiriúil.

Lorg imscrúdaitheoir GSOC scannánaíocht TCI agus fuair roinnt mhaith ráiteas ó Ghardaí. D'urghabh GSOC doiciméadacht lenar áiríodh scannánaíocht TCI, ráitis agus fianaise eile a fuarthas in imscrúdú comhthreomhar eile a bhí ar bun ag an nGarda Síochána, ach tugadh tús áite d'imscrúdú GSOC. Cuireadh agallamh ar an mBleachtaire Garda faoi dhó tar éis foláireamh a thabhairt dó.

Tarchuireadh an t-ábhar chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus tugadh Ordú go raibh an Garda le hionchúiseamh.

Phléadáil an Bleachtaire Garda neamhchiontach as na cúisimh ach fuair Breitheamh Cúirte Dúiche ciontach é agus cúisíodh é ar chúiseamh amháin d' Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.


Sa chúirt, dúirt an Breitheamh Dúiche go raibh sé oiriúnach sa chás sin, agus na himthosca go léir á gcur san áireamh, Alt 1 (1 )(i) den Probation of Offenders Act 1907 a chur i bhfeidhm, ar an gcoinníoll go n-iontrálfadh an Bleachtaire Garda banna €500 a raibh cúig choinníoll ag gabháil leis, lenar áiríodh íocaíocht €5,000 leis an íospartach.

**CÁS-STAIDÉAR 12**

Bhain an cás seo le comhalta den Gharda Síochána ar choinnigh an lucht slándála a dheartháir ag ócáid, tar éis do bhean a bhí ag freastal ar an ócáid líomhain d'ionsaí gnéasach a dhéanamh. Tháinig an comhalta den Gharda Síochána i láthair ag an ócáid agus chuir sé in iúl gur Gharda é. Bhain sé a dheartháir amach as an áit.

Ní bhfuarthas aon ghearán ach tharchuir an Ceannfort an t-ábhar chuig GSOC, a d'oscail imscrúdú araíonachta chun leas an phobail.

Fuarthas go raibh sárú araíonachta déanta ag an gcomhalta agus thug Coimisinéir an Gharda Síochána iomardú dó.




# 11
# IMSCRÚDUITHE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)

# 11. IMSCRÚDUITHE AR THARCHUR FAOI ALT 102 (BÁS NÓ DÍOBHÁIL THROMCHÚISEACH)

## Cén uair a dhéanann An Garda Síochána tarchur chuig GSOC?

Déantar foráil in Alt 102 den Acht d'imscrúdú neamhspleách ar aon ábhar inar cosúil go bhféadfadh sé go raibh bás nó díobháil thromchúiseach duine nó daoine mar thoradh ar iompar chomhalta den Gharda Síochána. Tá an fhoráil sin ina gné thábhachtach de chreat an Stáit lena ráthú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí atá air faoi Ailt 2 agus 3 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a thugann an chumhacht chun tarchur do cheannfoirt, a bhfuil freagracht orthu as a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé cuí teagmhas a tharchur chun gur féidir imscrúdú neamhspleách a dhéanamh air.

## An chaoi a n-imscrúdaíonn GSOC ceisteanna faoi Alt 102

A luaithe a fhaigheann GSOC tarchur ón nGarda Síochána, ní mór dúinn imscrúdú a dhéanamh ar an ábhar.

Féachaimid le freagairt go comhréireach don ábhar, de réir na gcúinsí. Tar éis scrúdú tosaigh a dhéanamh, tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn sé soiléir nach bhfuil aon fhianaise ar mhí-iompraíocht ná ar choiriúlacht. Ar an taobh eile den scála, bíonn sé cuí imscrúdú coiriúil iomlán a dhéanamh uaireanta agus an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Má tá bás i gceist, caithfear breithniú áirithe a dhéanamh ar na hoibleagáidí atá ar an Stát faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR). Luaitear in Airteagal 2 go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. Ceanglaítear ar chomhlachtaí stáit na hÉireann, an Garda Síochána san áireamh, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh "ar shlí atá ar comhréir le hoibleagáidí an Stáit faoi fhorálacha an Choinbhinsiúin".

Chun Airteagal 2 a chomhlíonadh, ba cheart, in imscrúduithe ar bhásanna tar éis teagmháil le póilíní, cloí le cúig phrionsabal arna bhforbairt ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Is iad sin:

- Neamhspleáchas
- Leordhóthanacht
- Tráthúlacht
- Iniúchadh ag an bPobal
- Rannpháirtíocht Íospartach.


Tá na prionsabail sin i gcroílár chur chuige GSOC ar bhásanna a imscrúdú.

## Tarchuir a Fuarthas in 2024


Fuair GSOC **37** dtarchur faoin alt seo in 2024, i gcomparáid le 35 in 2023, agus 41 in 2022.

Ceann is fiche **(21)** de na tarchuir a fuarthas in 2024 le básanna. Tá miondealú ar na himthoscaí thíos.

### Cairt 6: Imthosca na dTarchur [Líon iomlán Tarchur a fuarthas: 37]




### Cairt 7: Cineálacha Imscrúduithe i dTarchuir (Líon iomlán tarchur a fuarthas: 37)




*Tabhair faoi deara: Áitítear le 'bás faoi choimeád' teagmhas inar bhásaigh duine san ospidéal ina dhiaidh sin.

## Imscrúduithe i ndiaidh Tarchur a Tugadh chun Críche in 2024

Dúnadh 49 n-imscrúdú tar éis tarchur a fháil in 2024. Fuarthas na himscrúduithe sin in 2024 agus i mblianta roimhe sin.

**Tábla G: Cineálacha imscrúduithe agus na torthaí orthu (imscrúduithe a dúnadh in 2024)[4]**

| Cineál imscrúdaithe agus toradh | Cásanna |
|---|---|
| Gan gá le tuilleadh imscrúdaithe nó gan é bheith praiticiúil go réasúnta | 13 |
| Ní feidhm a thuilleadh ag Rialacháin Araíonachta an Gharda Síochána maidir leis an gcomhalta | 1 |
| Rialachán 10 - comhairle | 1 |
| Ísliú pá – ar feadh tréimhse nach mó ná coicís | 1 |
| Níor shainaithin Coimisinéir an Gharda Síochána aon sárú ar Rialacháin Araíonachta | 28 |
| Níor shainaithin GSOC aon mhí-iompar ag an gcomhalta faoi Alt 98 | 8 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – ordaíodh ionchúiseamh | 5 |
| Rinneadh imscrúdú coiriúil agus cuireadh i gcrích é – tarchuireadh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí é – níor ordaíodh ionchúiseamh | 5 |
| Caitheadh amach an líomhain | 3 |
| **IOMLÁN** | **65** |

Tá an líon iomlán torthaí (65) níos airde ná an líon tarchur a dúnadh (49) ós rud é gur féidir torthaí imscrúdaithe éagsúla a bheith ag tarchur, mar shampla, má chuirtear tús le himscrúdú coiriúil ar dtús agus imscrúdú araíonachta ina dhiaidh sin.

4. D'fhéadfadh sé gur in 2024 a fuarthas tarchuir a dúnadh in 2024, nó i mblianta roimhe sin.

## OIFIGIGH IDIRCHAIDRIMH LE TEAGHLAIGH (FLO)

Tá ról ríthábhachtach ag Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh (FLO) in GSOC chun tacú le teaghlaigh a ndéanann teagmhais a bhaineann le comhaltaí den Gharda Síochána difear dóibh, go háirithe teagmhais chriticiúla, mar shampla bás nó díobháil thromchúiseach tar éis theagmháil le Garda.

Is é an FLO an príomhphointe teagmhála idir GSOC agus teaghlaigh le linn imscrúdaithe ar theagmhas tromchúiseach a bhaineann le Gardaí.

An príomhról atá acu ná cumarsáid a dhéanamh le teaghlaigh ar bhealach íogair, soiléir agus comhsheasmhach, lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin bpróiseas imscrúdaithe, a gcearta agus an dul chun cinn sa chás.

Ní mór caitheamh le gach teaghlach go gairmiúil agus le meas agus dínit, agus ní mór an fhaisnéis is mó is féidir a thabhairt dóibh fad a choimeádtar iontaofacht an imscrúdaithe ar bun.

Na príomhfhreagrachtaí atá orthu ná míniú soiléir a thabhairt ar ról GSOC, ar nósanna imeachta imscrúdaithe, ar fhorbairtí agus ar phróisis ábhartha dlí. Cuireann siad tacaíocht mhothúchánach ar fáil do theaghlaigh i gcúinsí léanmhara agus trámacha. Cabhraíonn siad le teaghlaigh tuiscint a fháil ar na cinntí a dhéantar le linn imscrúdaithe, lena n-áirítear torthaí an imscrúdaithe.

Is féidir leis an nGarda Síochána FLO a shannadh don teaghlach freisin agus déanfaidh FLO de chuid GSOC idirchaidreamh le FLO an Gharda Síochána nuair is cuí sin agus beidh tuiscint mhaith acu ar shainchúram agus ar chreat dlí GSOC.

Déanfaidh an FLO idirchaidreamh le hoifigeach na bhfoilseán faoi mhaoin de chuid an duine éagtha a thabhairt ar ais don teaghlach agus tabharfar ar láimh í ar an mbealach is íogaire is féidir.

Bíonn scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth ag FLOnna agus ardleibhéal comhbhá, íogaireachta agus gairmiúlachta. Tá sé de chumas acu comhráite deacra a láimhseáil agus tacú le daoine i ngéarchéim. Tá sainoiliúint curtha ar FLOnna chun tacú leo sa ról tábhachtach seo.

Tar éis 37 dtarchur a fháil in 2024, shann GSOC 6 Oifigeach Idirchaidrimh le Teaghlaigh do theaghlaigh.

## RÓL GSOC SA CHÚIRT CHRÓINÉARA

Is oifigigh bhreithiúnacha neamhspleácha iad cróinéirí agus is é an ról atá acu ná cúis agus imthosca báis a chinneadh. Cróinéir an t-aon duine atá in ann ionchoisne a ordú. I gcás nach eol cad ba chúis le bás duine, nó i gcás bás a bhí foréigneach nó neamhghnách, déanfar ionchoisne, nó fiosrúchán dlí i leith an bháis.

Tá róil ríthábhachtacha ag GSOC agus ag an gCróinéir maidir le básanna a imscrúdú in Éirinn, go háirithe i gcás ina raibh baint ag na básanna sin le Gardaí. I gcás ina mbásann duine in imthosca lena mbaineann Gardaí agus i gcás ina raibh teagmháil acu le Garda sular bhásaigh siad, tugtar fógra do GSOC láithreach agus féadfaidh siadsan ceannas a ghlacadh ar imscrúdú a dhéanamh ar an teagmhas.

Bailíonn GSOC fianaise, cuireann siad agallaimh ar fhinnéithe, agus déanann siad measúnú ar cibé a bhí nó nach raibh gníomhartha an Gharda/na nGardaí iomchuí. Déanfaidh an Cróinéir ionchoisne i leith bás ar bith lena mbaineann Gardaí, de ghnáth agus i gcás ina raibh teagmháil ag an duine a bhásaigh le Garda sular tharla an bás, go háirithe i gcás inar tharla an bás in imthosca amhrasacha nó foréigneacha. Déanfaidh an Cróinéir athbhreithniú ar an bhfianaise a bhailíonn GSOC le linn a n-imscrúdaithe.

Cinneann an Cróinéir cúis an bháis agus is féidir le hionchoisne soiléire a thabhairt maidir le himthosca bhás duine. Déanann GSOC imscrúdú ar ghníomhartha na nGardaí agus déanann an Cróinéir imscrúdú ar chúis an bháis. Oibríonn an dá chomhlacht sin ar leithligh ach is féidir leo faisnéis a roinnt agus is féidir lena gcuid torthaí cur lena chéile.

Maidir le cásanna ionchoisne, ullmhóidh Oifigigh Ainmnithe GSOC tuarascáil imscrúdaithe don Chróinéir. Beidh éagsúlacht i gceist leis an ábhar i dtuarascáil Oifigigh Ainmnithe GSOC, ag brath ar chastacht an chás. Déanann an tOifigeach Ainmnithe idirchaidreamh leis an gCróinéir go luath san imscrúdú agus faigheann amach cad atá de dhíth. Déanfar ráitis a thógann GSOC le linn an imscrúdaithe ar an mbás a thras-scríobh i bhfoirm teistíochtaí atá le léamh mar fhianaise ag an ionchoisne.

Tá ról ceannaireachta ag GSOC freisin nuair a theastaíonn giúiré le haghaidh ionchoisne. Bhí baint ag imscrúdaitheoirí GSOC le **18** n-ionchoisne Cróinéara in 2024.




# 12
# AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

# 12. AONAD DLÍ GSOC: AG PLÉ LEIS NA CÚIRTEANNA

## Gníomhaíocht Dlí i ndiaidh Imscrúdú Coiriúil

Mar ar tugadh breac-chuntas air sna codanna roimhe seo, déanann GSOC imscrúduithe coiriúla de bhun gearán agus tarchur, chomh maith le i gcomhthéacs imscrúduithe chun leas an phobail.

Ar an imscrúdú coiriúil a chur i gcrích, sa chás go bhfuil an GSOC den tuairim go bhféadfadh gur cion a bhí san iompar faoi imscrúdú, ullmhaítear comhad agus seoltar é chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP).

Sa bhreis air sin, I gcás ina bhfuair duine bás agus é/í faoi choimeád an Gharda Síochána nó tar éis don duine éagtha bheith I dteagmháil le Gardaí, agus go bhfuil imscrúdú coiriúil déanta ag GSOC, féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun a oibleagáidí faoi Alt 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh. Féadfaidh GSOC comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i gcás go gcinneann Coimisiún Ombudsman gur chun leas an phobail é déanamh amhlaidh.

Faoi Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, is cion é faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt don Choimisiún Ombudsman i ndáil le gearán nó imscrúdú, cibé acu comhalta den Gharda Síochána nó duine den phobal a dhéanfadh sin.

I ngach cás, is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a chinneann cibé an ndéanfar nó nach ndéanfar an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

### Orduithe ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun Ionchúiseamh a Dhéanamh in 2024

In 2024, sheol GSOC 67 gcomhad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Fuair GSOC 48 n-ordú ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2024 (tá an figiúr sin bunaithe ar 9 gcomhad a cuireadh ar aghaidh in 2023 agus 39 gcomhad a cuireadh ar aghaidh in 2024).

Astu sin:

- D'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a dhéanamh ar 22 gcúiseamh (i dtaca le 13 comhad imscrúdaithe) a d'eascair as imscrúduithe a cuireadh ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2024 (11 chomhad) agus in 2023 (2 chomhad).
- In 2024, d'ordaigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a dhéanamh i dtaca le 35 imscrúdú. Baineann an figiúr sin le 28 gcomhad a chuir GSOC ar aghaidh in 2024 agus 7 gcomhad a cuireadh ar aghaidh in 2023.

Sa bhreis ar an méid thuas, bhí 29 gcás eile ann agus ordú le tabhairt ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina leith, ag deireadh 2024.

Tá miondealú thíos ar na cionta ar ordaíodh ionchúiseamh ina leith:-

- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Iompraíocht Bhagrach, Mhaslach nó Tharcaisneach, contrártha d'Alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.

- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Faisnéis Bhréagach nó Mhíthreorach a thabhairt, contrártha d'Alt 110 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, i ndáil le gearánach amháin.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí nó bac ar Oifigeach Síochána contrártha d'Alt 19(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí), 1994 (ionchúiseamh ar díotáil) i ndáil le gearánach amháin.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí Is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le beirt chomhaltaí den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí Is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (ionchúiseamh ar díotáil) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí Is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí Is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Sealbhú Neamhdhleathach Drugaí Rialaithe, contrártha d'Alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1997 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Sealbhú Drugaí Rialaithe lena ndíol nó lena soláthar go neamhdhleathach, contrártha d'Alt 15 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1997 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Damáiste Coiriúil, contrártha d'Alt 2(1) den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991 i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Príosúnú Neamhdhleathach, contrártha d'Alt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (triail achomair) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.
- Cúiseamh amháin as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 (cúiseamh achomair agus sin amháin) i ndáil le comhalta amháin den Gharda Síochána.

## Cásanna Coiriúla a Cinneadh sna Cúirteanna in 2024

Tugadh 15 chás chun críche os comhair na cúirte in 2024.

As na cúig chás déag sin, scriosadh amach trí chás, d'iontráil an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nolle prosequi i gcás amháin, ós rud é gur bhásaigh an cúisí, bhain éigiontú le dhá chás; cuireadh Alt 1(1) den Probation of Offenders Act, 1907 i bhfeidhm i gcúig chás agus bhain tabhartais charthanúla/ fíneálacha le roinnt de na cásanna sin; i gcás amháin ordaíodh don chúisí 80 uair an chloig de sheirbhís pobail a dhéanamh; agus sna trí chás eile, tugadh pianbhreith choimeádta do na cúisithe.

Sna trí chás a scrios na Breithimh Chúirte Dúiche amach, cúisíodh na comhaltaí den Gharda Síochána arbh ábhar do na himscrúduithe iad sna cionta a leanas:

- Dhá chúiseamh ar leithligh as Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- Cúiseamh amháin as Ionsaí Is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

### Cásanna ar Feitheamh os comhair na gCúirteanna ag Deireadh 2024

Tá comhaltaí den Gharda Síochána ina n-ábhair do chúiseamh os comhair na gcúirteanna in **18** n-imscrúdú ar leithligh. Áirítear leis an raon cionta:

- → Ionsaí, contrártha d'Alt 2 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- → Ionsaí Is Cúis le Díobháil, contrártha d'Alt 3 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- → Sealbhú Neamhdhleathach Drugaí Rialaithe, contrártha d'Alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977;
- → Damáiste Coiriúil, contrártha d'Alt 2(1) den Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991;
- → Príosúnú Neamhdhleathach, contrártha d'Alt 15 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- → Tiomáint Chontúirteach, contrártha d'Alt 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961;
- → Ciapadh, contrártha d'Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997;
- → Cur i mbaol, contrártha d'Alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

**CÁS-STAIDÉAR 13**

**Chúisigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí comhalta den Gharda Síochána as Ionsaí agus Féachaint le Cúrsa an Cheartais a Shaobhadh, mar thoradh ar imscrúdú a rinne GSOC, inar líomhain gearánach gur ionsaigh an comhalta é fad a bhí sé faoi choimeád i Stáisiún Garda. Bailíodh fianaise le linn imscrúdú GSOC gur ordaigh an comhalta gan an líomhain Ionsaí a iontráil sa Taifead ar Choimeád. Éisteadh an triail thar dhá lá agus, ar deireadh, fuair an Breitheamh an comhalta ciontach sa dá chion agus ghearr pianbhreith phríosúnachta dhá mhí air. Cuireadh an pianbhreith choimeádta ar fionraí ar choinníoll go ndéanfadh an comhalta ochtó uair an chloig de sheirbhís pobail.**

## Nochtadh Neamh-Pháirtí

Déanann Aonad Dlí GSOC comhordú ar nochtadh fianaise ag neamh-pháirtí in imeachtaí coiriúla, i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Oibríochtaí. Déantar é sin i gcomhréir le prótacal a comhaontaíodh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in 2019, agus tá sé ar fáil anseo:
**https://www.gardaombudsman.ie/about-gsoc/non-party**

In 2024, ullmhaíodh 101 chomhad maidir le hiarrataí ar nochtadh neamh-pháirtí agus eisíodh iad chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Tá sé sin i gcomparáid le 125 chomhad in 2023. Sa bhreis air sin, fuair GSOC 31 iarraidh ar athbhreithniú pribhléide um Nochtadh Neamh-Pháirtí ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

**Tabhair faoi deara:** Is cion é cion achomair nach bhféadfaidh ach breitheamh a shuíonn gan ghiúiré sa Chúirt Dúiche plé leis.

**Tabhair faoi deara:** I dtriail achomair, féadtar an cás a éisteacht sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda, ach ordaíonn Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gur cheart an t-ábhar a éisteacht sa Chúirt Dúiche. Éisteann an Breitheamh le hachoimre ar na fíorais ansin agus má chomhaontaíonn an Breitheamh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, fanfaidh an ní sa Chúirt Dúiche.


Irish Current Law
1984 - 1986
Irish Current Law
1997 - 1998
The Commercial Court
COMMERCIAL LAW
MEDIA LAW
Construction Projects

# IMSCRÚDUITHE CHUN LEAS AN PHOBAIL

Déantar foráil san Acht, 2005, go ndéanfaidh GSOC imscrúduithe chun leas an phobail. Is féidir imscrúduithe den sórt sin a thionscnamh ar bhealaí éagsúla.

**Imscrúduithe chun leas an phobail á dtionscnamh ag GSOC (Alt 102(4))**

Tagann mí-iompar amhrasta ag Garda nó ag Gardaí chun aird GSOC taobh amuigh de na gnáthphróisis gearán nó tarchur. Féadfaidh ábhair den sórt sin teacht chun aird GSOC, mar shampla, via tuairiscí sna meáin, nó via mionsonraí i ngearán atá neamh-inghlactha taobh amuigh de sin. Sna cásanna sin, tá sé de chumhacht ag GSOC tús a chur le himscrúdú chun leas an phobail i gcás go ndealraítear go bhféadfadh cion a bheith déanta le hiompar comhalta den Gharda Síochána, nó go mbeadh a n-iompar ina údar le himeachtaí araíonachta.

**Imscrúduithe chun leas an phobail á dtionscnamh ag an Aire (Alt 102 (5))**

Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt ní ar bith a tharchur chuig GSOC maidir le hiompraíocht chomhalta den Gharda Síochána, agus déanfaidh GSOC imscrúdú air. Áirítear leis sin tarchuir a dhéantar chuig GSOC faoin Meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách (IRM) a bhunaigh an tAire in 2014. Fuair an tAire 21 tarchur idir 2015 agus 2016 agus dúnadh an dá imscrúdú a bhí amuigh in 2023.

**Imscrúduithe chun leas an phobail ar iarratas ón Údarás Póilíneachta nó ón Aire (Alt 102 (7))**

Féadfaidh an tÚdarás Póilíneachta agus an tAire ábhar a tharchur chuig GSOC chun breithniú a dhéanamh ar cibé ar cheart nó nár cheart é a imscrúdú chun leas an phobail.

## Imscrúduithe chun Leas an Phobail ar cuireadh tús leo agus a dúnadh in 2024

Osclaíodh aon imscrúdú chun leas an phobail déag **(11)** in 2024 agus dúnadh **26** cheann. Áiríodh leis na himscrúduithe a dúnadh roinnt ar cuireadh tús leo i mblianta roimhe sin.

Ní dhearnadh aon iarraidh ar GSOC chun imscrúdú chun leas an phobail a dhéanamh faoi Alt 102(5). Níor osclaíodh aon imscrúdú chun leas an phobail tar éis tarchur ón Aire Dlí agus Cirt faoi Alt 102(7).

Áiríodh le himscrúduithe GSOC chun leas an phobail a osclaíodh in 2024 líomhaintí maidir le mainneachtain foréigean gnéasach, cleachtas éillitheach nó míchóir, agus forneart iomarcach a imscrúdú.




# 13 IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

# 13. IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

Ba í 2024 an seachtú bliain a raibh próiseas Idirghabhála Áitiúla (LI) GSOC i bhfeidhm. Faoin bpróiseas seo, féachtar le roinnt gearán chuig GSOC a réiteach go háitiúil gan ghá le himscrúdú foirmiúil.

D'éirigh thar cionn leis an dtionscnamh Idirghabhála Áitiúla in 2024. Le linn na bliana, tharchuir GSOC líon iomlán de 177 gcás le haghaidh idirghabháil áitiúil, laghdú ar an líon in 2023 de 323. Réitíodh 221 chás, ina measc roinnt a tugadh ar aghaidh ón mbliain féilire roimhe sin. Ag deireadh na bliana, ní raibh aon chás fós idir lámha.

**Tábla H: Torthaí faoin bpróiseas Idirghabhála Áitiúla in 2024**

| Idirghabháil Áitiúil | Líon Cásanna 2023 | Líon Cásanna 2024 |
|---|---|---|
| Tarchurtha ag GSOC le haghaidh Idirghabháil Áitiúil (LI) | 323 | 177 |
| Réitithe/dúnta tar éis an phróisis LI (féach nóta 1 thíos) | 188** | 221 |
| Dúnta gan idirghabháil, mar gheall go príomha nár ghlac gearánach páirt sa phróiseas nó tharraing siar an gearán (féach nóta 2 thíos) | 7* | 129 |
| Tarchurtha ar ais chuig GSOC do chinneadh inghlacthachta | 79** | 48 |

*Áirítear leis an bhfigiúr cásanna a tarchuireadh sa bhliain féilire roimhe sin
**Áirítear leis an bhfigiúr cásanna a tarchuireadh sa dá bhliain féilire roimhe sin

### Tionchar

Mar a léirítear sa tábla thuas, réitítear nó dúntar cion suntasach de na cásanna a tarchuireadh chuig na cigirí Garda ainmnithe tar éis na hidirghabhála áitiúla. Ó dhearcadh an ghearánaigh de, tugtar deis leis an gcur chuige LI seo aghaidh a thabhairt ar a ngearáin agus iad a réiteach go sciobtha - taobh istigh de laethanta nó seachtainí, de ghnáth, seachas míonna, dá nglacfaí lena ngearáin le haghaidh imscrúdú foirmiúil gan mhaoirseacht, próiseas is dócha a mbeadh mionna i gceist leis.

Mar gheall go ndírítear ar réiteach, seachas ar imscrúdú foirmiúil ar sháruithe araíonachta, le hidirghabháil áitiúil, féadfaidh toradh níos sásúla a bheith aige. Ag deireadh imscrúdaithe fhoirmiúil, cé acu a fuarthas go raibh nó nach raibh sárú araíonachta déanta ag an ngarda a ndearnadh gearán faoi, ní cosúil go bhfaighfí 'réiteach' ar ghearán áirithe na ngearánaithe. Is é 'réiteach' príomh-aidhm na hidirghabhála áitiúla.

[1] Tá an chatagóir seo comhdhéanta de chásanna marcáilte mar;
- Réitithe
- Curtha ar ais mar Réitithe, neamhdheimhnithe
- Curtha ar ais mar Gan Réiteach, dúnta gan gníomh breise a dhéanamh
- Dúnta gan idirghabháil

[2] Is iad seo na cásanna marcáilte mar Dúnta gan Idirghabháil. Áirítear leo cásanna ar ina leith
- Chomhaontaigh an gearánach go ndéanfaí LI agus tarchuireadh an comhad chuig Cigire den Gharda Síochána. Ní raibh an cigire LI in ann teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach ina dhiaidh sin ná cuidiú le LI ar bhealach eile.
- Chomhaontaigh an gearánach go ndéanfaí LI agus tarchuireadh an comhad chuig Cigire den Gharda Síochána. Tarraingíodh an gearán siar ansin sular cuireadh tús le LI.

## AN CHAOI A nOIBRÍONN IDIRGHABHÁIL ÁITIÚIL

Maidir le gach cás a fhaigheann GSOC, is mar 'fhiosrúcháin' a thaifeadtar iad ar dtús ar an gCóras Bainistíochta Cásanna (CMS) Ní dhéantar na cásanna sin a uasghrádú ina ngearáin go dtí go mbeidh faisnéis dhóthanach ar fáil lena bhféadtar a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an cás inghlactha. Baineann an próiseas Idirghabhála Áitiúla le gearáin atá ar an gcéim 'fiosrúchán', is é sin, sula ndéantar iad a mheas le haghaidh inghlacthachta.

- Nuair a fhaigheann GSOC gearán, cinneann sé cé acu atá nó nach bhfuil an ní oiriúnach le haghaidh Idirghabháil Áitiúil. Ní mheastar ach saincheisteanna ar leibhéal seirbhíse le haghaidh idirghabháil áitiúil.

  Áirítear le samplaí:

  → Droch-cháilíocht nó droch-chaighdeán seirbhíse

  → Seirbhís neamh-éifeachtúil nó easpa seirbhíse

  → Drochmhúineadh/míbhéas/míchúirtéis

  → Easpa cumarsáide nó freagartha

- Má tá GSOC den tuairim go bhfuil an tsaincheist oiriúnach don phróiseas LI, déanann GSOC teagmháil leis an duine a dhéanann an gearán, míníonn an próiseas Idirghabhála Áitiúla dóibh agus iarrann orthu toiliú a thabhairt an t-ábhar a réiteach ar an gcaoi sin.

- Má thugann an gearánach toiliú, tarchuireann GSOC an ní chuig cigire ainmnithe den Gharda Síochána a bhainistíonn an próiseas thar ceann an Gharda Síochána. Mura dtugann an duine toiliú, déanfaidh GSOC measúnú ar an ngearán maidir le hinghlacthacht, de réir an phróisis chaighdeánaigh.

- Déanann an cigire ainmnithe de chuid an Gharda Síochána teagmháil leis an ngearánach ar an bhfón chun na gníomhartha nó torthaí atá á lorg aige/ aici a shainaithint. De ghnáth, labhraíonn an cigire leis an gcomhalta ábhartha den Gharda Síochána ansin chun cúis fhéideartha na faidhbe a fháil amach. Ní bhaineann an próiseas seo le milleán a chur ar aon duine, baineann sé le dul i ngleic leis an gceist a ardaíodh agus foghlaim ón méid a tharla le nach dtarlóidh sé arís. Déanann an cigire teagmháil leis an ngearánach arís chun an gníomh a ndearnadh chun dul i ngleic leis an ábhar a chur in iúl. Má tá an gearánach sásta leis an bhfreagra, cuireann an cigire den Gharda Síochána é sin in iúl do GSOC agus deimhníonn GSOC leis an ngearánach go bhfuil sé/sí sásta. Dúnann GSOC an comhad ansin. Mura n-éiríonn leis na hiarrachtaí chun an t-ábhar a réiteach trí Idirghabháil Áitiúil, tarchuirtear an gearánach ar ais chuig GSOC, a chinneann ansin cibé ar chóir nó nár chóir an t-ábhar a chur ar aghaidh le haghaidh imscrúdú.

# Idirghabháil Áitiúil: Cás-Staidéir 2024

### CÁS-STAIDÉAR 14


Dúirt an gearánach gur ghlao sí ar a Stáisiún Garda áitiúil mar gheall go raibh imní uirthi faoi leanbh óg chomharsa dá cuid agus d'iarr sí ar an gcomhalta den Gharda Síochána seiceáil ar leas linbh a dhéanamh. Dúirt an gearánach gur ghlaoigh sí ar na Gardaí roimhe sin mar gheall ar thorann, iompraíocht fhrithshóisialta agus troid fhisiciúil sa teach céanna. Bhí an gearánach míshásta faoin gcaoi ar chaith an comhalta den Gharda Síochána léi, agus gur mhothaigh sí gur chaith an comhalta den Gharda Síochána léi amhail is gurbh ise an fhadhb.

Cuireadh an gearán ar aghaidh le haghaidh Idirghabháil Áitiúil le toiliú an ghearánaigh agus réitíodh go sásúil é.

### CÁS-STAIDÉAR 15

Rinneadh ionsaí gan chúis agus gadaíocht ar an ngearánach, rud a d'fhág san ospidéal iad. Dúirt an gearánach go raibh ag teipeadh ar an gcomhalta den Gharda Síochána a bhí ag plé lena gcás dul chun cinn ceart a dhéanamh ar an ábhar agus faisnéis a chur ar fáil maidir leis na himeachtaí cúirte. Theip ar an gcomhalta den Gharda Síochána glaoch ar ais ar an ngearánach.

Cuireadh an gearán ar aghaidh le haghaidh Idirghabháil Áitiúil le toiliú an ghearánaigh. Fuair an gearánach an fhaisnéis a bhí uathu agus nuashonrú maidir leis an gcás cúirte. Bhí an gearánach sásta an gearán a dhúnadh.



# 14
# EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS AN GHARDA SÍOCHÁNA

# 14. EOLAS A THABHAIRT DO BHEARTAS AGUS CLEACHTAS AN GHARDA SÍOCHÁNA

## Moltaí Córasacha

Faoi Alt 215(1 )(b) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, tugadh cumhacht reachtúil nua don Ombudsman Póilíneachta chun moltaí a dhéanamh i ndáil le cleachtais, beartais nó nósanna imeachta an Gharda Síochána, nó i ndáil le haon cheist ghinearálta nó chórasach, maidir leis an nGarda Síochána.

Ó shin i leith, tháinig GSOC ar chleachtais, uaireanta, atá iomchuí iad a thabhairt chun aire lucht bainistíochta an Gharda Síochána. Is cuid thábhachtach den fhormhaoirseacht é aird a tharraingt ar na saincheisteanna sin nuair a thagann siad chun cinn agus moltaí a dhéanamh le nach dtarlóidh siad arís. Dá bharr sin, cuireann GSOC fáilte roimh an bhfeidhm reachtúil nua agus roimh an bhfreagracht a chuirtear ar AGS dá réir chun gníomhartha arna ndéanamh agus Coimisinéir an Gharda Síochána (más ann dóibh) a thuairisciú don Ombudsman Póilíneachta.

Díríonn moltaí ar shaincheisteanna córasacha an chleachtais agus na bainistíochta, seachas ar iompraíocht daoine aonair.

I gcás ina bhfuil Moladh Córasach GSOC ábhartha do straitéisí eile chun feabhas a chur ar phóilíneacht nó ar shábháilteacht pobail – An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, mar shampla – féadfaidh an Coimisiún Ombudsman a mholtaí féin a roinnt leis na gníomhaireachtaí agus oifigigh ábhartha.

D'eisigh GSOC sé mholadh chórasacha nua in 2024, mar a liostaítear thíos.

Baineann siad sin le raon ábhar córasach maidir le cleachtas agus bainistiú, lena n-áirítear ábhair i ndáil le:

- An Chaoi a gCaitear le Daoine faoi Choimeád
- Bainistíocht Choimeádta agus Coinneáil Taifead
- Srianadh a Úsáid
- Cuardaigh phearsanta a dhéanamh
- Imshrianadh bainistithe feithiclí
- Stóráil agus coinneáil taifid i ndáil le hairm tine ag Stáisiúin den Gharda Síochána

## An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe

Seoladh an Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe i mí an Mheithimh 2022, chomh maith le Plean Cur Chun Feidhme.

Cuireadh GSOC san áireamh mar ghníomhaireacht ainmnithe sa Phlean Cur Chun Feidhme, agus tagairt shonrach á déanamh don ról reachtúil atá againn mar ghníomhaireacht neamhspleách a láimhseálann gearáin faoi chomhaltaí den Gharda Síochána, cé acu a bhaineann siad le leordhóthanacht an fhreagra a thugann siad ar theagmhais Fhoréigin Bhaile/Gnéasaigh, nó i gcás inar líomhnaítear gur dhéantóirí coire iad. Tugtar léiriú sa Phlean Cur Chun Feidhme ar ról GSOC maidir le moltaí a thabhairt i ndáil le beartas/cleachtas an Gharda Síochána a bhaineann le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe, d'fhonn feabhas a chur ar leibhéil seirbhíse d'íospartaigh agus d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht imscrúduithe an Gharda Síochána. Leis an bPlean, cruthaítear ionchas go dtabharfaidh an Garda Síochána éifeacht d'fheabhsúcháin i mbeartas, cleachtas agus oiliúint, agus go bhfreagrófar do thorthaí agus moltaí GSOC.

Bhí GSOC rannpháirteach go gníomhach in obair an Bhoird Formhaoirseachta Ardleibhéil maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na Straitéise le linn 2024, agus chuir nuashonruithe ábhartha ar fáil. Leanfar leis an obair sin ar feadh shaolré na Straitéise.



# 15. NOCHTADH COSANTA

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú), féadfaidh oibrithe de chuid an Gharda Síochána, lena n-áirítear comhaltaí den Gharda Síochána, líomhaintí maidir le héagóir laistigh den Gharda Síochána a nochtadh do GSOC faoi rún.

Rinneadh roinnt leasuithe ar an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 in 2023. Chuaigh an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2023. Leis an acht sin, trasuíodh na forálacha sa Treoir maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais (1937/2019) i ndlí na hÉireann. Rinneadh leasú breise ar an Acht um Nochtadh Cosanta an 19 Iúil 2023, le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cosaint Daoine a Thuairiscíonn Sáruithe ar Dhlí an Aontais Eorpaigh 2023 (I.R. Uimh. 375 de 2023), lena dtugtar breis éifeachta don Treoir trí fhoráil a dhéanamh maidir le tuairisciú chuig forais agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh.

Tá Aonad tiomnaithe um Nochtadh Cosanta ag GSOC (PDU) chun nochtaí a dhéantar faoin Acht a láimhseáil.

## Riar Cásanna um Nochtadh Cosanta in 2024

Tugtar mionsonraí faoin riar cásanna maidir le nochtuithe cosanta ar phléigh an tAonad leo in 2024 sa Tábla thíos.

## Dea-chleachtas a Roinnt go hIdirnáisiúnta

Lean GSOC dá chuid oibre mar ionadaí na hÉireann ar Líonra na hEorpa um Údaráis Ionracais agus Sceithireachta (NEIWA) ag obair ar eolas agus saineolas roinnte i nithe a bhaineann le nochtuithe agus feidhmiú Theoir ón Aontas Eorpaigh 2019/1937. D'fhreastail GSOC ar chruinniú ar an láthair sa Róimh in 2024, agus rannchuidigh sé le grúpaí oibre faoi chleachtas agus nós imeachta na sceithireachta.

**Tábla J: Riar cásanna GSOC faoi Nochtadh Cosanta in 2024**

| **Cásanna idir lámha in 2024** | | |
|---|---|---|
| Cásanna a bhí fós idir lámha an 31/12/23 agus a tugadh ar aghaidh chuig 01/01/2024 | 62 | |
| Tuarascálacha a fuarthas in 2024 | 31 | |
| Cásanna inghníomhaithe in 2024 | 93 | |
| Cásanna dúnta in 2024 | 37 | |
| Cásanna fós idir lámha an 31/12/2024 | 56 | |
| **Tuarascálacha a Fuarthas arbh éigean Measúnú a dhéanamh orthu in 2024** | | |
| Tuarascálacha a Fuarthas trí Chainéil Thuairiscithe Sheachtracha | 25 | |
| Cur ar Aghaidh Tuarascálacha ó Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta | 6 | |
| Cur ar Aghaidh Tuarascálacha ó Dhaoine Forordaithe Eile | 0 | |
| Líon Iomlán Tuarascálacha le haghaidh Measúnú in 2024 | 31 | |
| **Toradh na Measúnuithe a Rinneadh in 2024** | **Go hiomlán** | **Go páirteach** |
| Measúnú fós le déanamh ag deireadh na bliana | 13 | 0 |
| Measúnú déanta orthu gurbh fhiú beart leantach a dhéanamh ina leith | 1 | 0 |
| Curtha ar aghaidh chuig duine forordaithe eile nó an OPDC | 1 | 3 |
| Dúnta - measadh gur mhionrud ab ea an tuarascáil | 0 | 0 |
| Dúnta – measadh gur athrá a bhí sa tuarascáil nó nach raibh faisnéis nua inti | 0 | 0 |
| Tarchurtha chuig nós imeachta eile a bheadh níos ábhartha | 3 | 1 |
| Measadh nach raibh údar ann chun beart leantach a dhéanamh | 11 | 0 |

# 16. IARRATAÍ AR FHAISNÉIS

Is é Aonad Cosanta Sonraí agus Saorála Faisnéise (FOI) GSOC a phléann le formhór na n-iarrataí ar fhaisnéis a fhaigheann GSOC gach bliain. Tá líon tiomnaithe ball foirne san Aonad a dhéileálann le hiarrataí a dhéantar faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Tá an fhoireann seo freagrach as cinntiú go bhfreagraítear do na hiarrataí seo taobh istigh de na teorainneacha ama a iarrtar, feasacht ar nithe maidir le cosaint sonraí, saorála faisnéise agus príobháideachais a ardú taobh istigh de GSOC, comhairle faoi chosaint sonraí a chur ar fáil do bhaill foirne, agus cinntiú go gcloíonn GSOC lena chuid dualgas reachtúil faoin reachtaíocht.

Fuarthas daichead a naoi (49) iarraidh maidir le saoráil faisnéise in 2024. Laghdú 18% é sin ón seasca (60) iarraidh a fuarthas sa bhliain roimhe. Bhain an chuid is mó le hiarrataí ar fhaisnéis phearsanta arna coinneáil I gcás-chomhaid GSOC. Mar gheall nach gclúdaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise na comhaid in imscrúdú nó comhaid ghearáin (is é sin a bhaineann le scrúdú nó imscrúdú faoi Chuid 4 d'Acht an Gharda Síochána, 2005), diúltaíodh do na hiarrataí sin.

Bhain an chuid eile de na hiarrataí maidir le saoráil faisnéise le staitisticí faoi ghearán agus riarachán.

Fuair GSOC ceithre iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ar chinntí a bhain diúltú do rochtain a thabhairt ar thaifid i gcomhaid imscrúdaithe nó gearán. In 2024, níor tarchuireadh aon iarraidh chuig Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OIC)

Tá tuilleadh sonraí faoi na hiarrataí saorála faisnéise a fuarthas in 2024 ar fáil ar an Loga Nochtuithe Cosanta Saorála Faisnéise atá le fáil ar láithreán gréasáin GSOC.

Fuarthas 95 iarraidh rochtana sonraí in 2024. Ba ó ghearánaigh a tháinig formhór na n-iarrataí sin agus rochtain á lorg acu ar a sonraí pearsanta a bhí á gcoinneáil i gcomhaid ghearáin agus imscrúduithe GSOC Bhí athbhreithniú agus próiseáil os cionn 250 chomhad ar leithligh i gceist leis sin. Rinneadh ceithre iarraidh ar scriosadh sonraí pearsanta arna gcoinneáil ag GSOC faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

In 2024, phléigh an tAonad Cosanta Sonraí le caoga a ceathair (54) iarraidh ar chomhairle faoi ábhair chosanta sonraí ó bhaill foirne ar fud aonad gnó GSOC. Bhain formhór na n-ábhar le nochtadh faisnéise chuig tríú páirtithe agus comhairle a lorgaíodh i ndáil le Comhaontaithe Comhroinnte Sonraí.

Is é Aonad Rúnaíochta GSOC a phléann le hiarrataí ar fhaisnéis a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt agus in uiríll ó chomhaltaí an Oireachtais. D'fheagair an t-aonad fiche a dó (22) iarraidh ar fhaisnéis ón Roinn Dlí agus Cirt, fiche a naoi (29) n-aighneacht i ndáil le ceisteanna parlaiminteacha agus ceithre (4) uiríoll ó chomhaltaí Thithe an Oireachtais. Bhain na hiarrataí sin le nuashonruithe ar imscrúduithe atá ar bun faoi láthair ag GSOC agus faisnéis faoi rannpháirtíocht GSOC sna meáin shóisialta.

Aonad Cumarsáide GSOC a dhéileálann le hiarrataí ar fhaisnéis ó iriseoirí taobh amuigh den phróiseas saorála faisnéise, a chuireann seirbhís ar dualgas 24 uair an chloig sa lá ar fáil. D'fhreagair an tAonad 164 fhiosrú ó na meáin in 2024.

**Tábla K: Iarrataí ar Fhaisnéis a Próiseáladh in 2024**

| Ábhar | Líon |
|---|---|
| Iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 | 49 |
| Iarrataí faoi Acht um Chosaint Sonraí, 2018 | 95 |
| Iarrataí ar fhaisnéis ón An Roinn Dlí agus Cirt | 22 |
| Aighneachtaí mar fhreagra do Cheisteanna Parlaiminteacha | 29 |
| Uiríll ó chomhaltaí an Oireachtais | 4 |
| Fiosrúcháin ó na Meáin | 164 |

# 17. GSOC AGUS COSAINT LEANAÍ

Tá dualgas ar GSOC maidir le cosaint leanaí faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus faoin Treoir Náisiúnta um Thús Áite do Chosaint agus Leas Leanaí. Le linn a gcuid oibre ag glacadh gearáin ó dhaoine den phobal, nó imscrúduithe a reáchtáil, cuirtear baill foirne ar an eolas go rialta faoi chásanna ina d'fhéadfadh gortú a bheith déanta do leanaí nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol ó ghortú.

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, is daoine sainordaithe iad baill foirne áirithe GSOC, eadhon Oifigigh Ainmnithe (imscrúdaitheoirí agus baill foirne Cosanta Leanaí.

Mar dhuine sainordaithe, ní mór don Oifigeach Ainmnithe tarchur a dhéanamh le Tusla, más eol, má chreideann nó má bhíonn amhras réasúnach air nó uirthi gur gortaíodh leanbh, go bhfuil leanbh á ghortú nó i mbaol a bheith gortaithe, nó má nochtann leanbh gortú.

Tá an oibleagáid maidir le tarchur i gceist freisin má nochtann leanbh go gcreideann siad go bhfuil siad i mbaol a bheith gortaithe.

Rinne Oifigigh Ainmnithe GSOC **61** tarchur éigeantacha chuig Tusla in 2024.

Ina theannta sin, rinne GSOC **81** tharchur neamhéigeantacha in 2023. Bhain siad sin le nithe a tháinig chun aire baill foirne GSOC le linn a gcuid oibre, ach ní le linn imscrúdú coiriúil.

Ceanglaítear ar dhaoine neamh-shainordaithe Teagmhálaithe Ainmnithe GSOC a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhféadfadh baint a bheith acu le cosaint agus/nó leas leanaí agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas oifigiúil trí fholáirimh a ardú ar chóras cásbhainistíochta na heagraíochta. Cuireadh **643** fholáireamh Cosanta Leanaí den sórt sin ar an gcóras cásbhainistíochta in 2024. Déanann Teagmhálaithe Idirchaidrimh Ainmnithe athbhreithniú ar na foláirimh agus déanann siad taifead de chinntí d'fhonn tarchuir a dhéanamh chuig Tusla, chomh maith le cinntí gan tarchur a dhéanamh.

## Príomh-fhigiúirí

643 FOLÁIREAMH NUA COSANTA LEANAÍ


TARCHUIR ÉIGEANTACHA 61

TARCHUIR-NEAMH- ÉIGEANTACHA 81

620 CINNTÍ GAN TARCHUR A DHÉANAMH

# AGUISÍN 1:
# IMSCRÚDUITHE GSOC IDIR LÁMHA AG DEIREADH NA BLIANA 2024

Ag deireadh na bliana 2024, bhí 523 imscrúdú faoi stiúir GSOC ar bun ag Aonad Imscrúdaithe GSOC. Tá sé sin i gcomparáid le 446 ag deireadh na bliana 2023.




I dteannta na n-imscrúduithe sin, bhí **287 imscrúdú araíonachta gan mhaoirseacht ag an nGarda Síochána**, a d'eascair as gearáin chuig GSOC, fós ar bun. Bhí athbhreithniú á dhéanamh ar 10 gcás eile den sórt sin ag deireadh na bliana, cé go raibh siad curtha i gcrích, ar iarratas ón ngearánach.

Bhí tuairim is 151 gcás eile ag céimeanna 'breise' den phróiseas cásbhainistíochta. Áiríodh leo sin cásanna a fuarthas le déanaí agus cásanna a raibh ag céim thosaigh den mheasúnú, cásanna a bhí curtha i gcrích agus cásanna a rabhthas ag fanacht ar thuarascálacha críochnaitheacha ina leith faoi Alt 97 nó Alt 101 den Acht; agus cásanna a bhfuiltear ag scor díobh.


# AGUISÍN 2:
# PRÓIFÍL NA nGEARÁNACH IN 2024

Ar gearán a chur isteach chuig GSOC, iarrtar ar ghearánaigh suirbhé gan ainm a thabhairt a dhéanamh chun sonraí déimeagrafacha faoi na daoine a lorgaíonn seirbhís uainn a chur ar fáil do GSOC.


In 2024, d'fhreagair 453 ghearánach an suirbhé. Is ionann sé sin agus ráta freagartha tuairim is 19%.

Tugtar breac-chuntas sna cairteacha thíos ar phróifíl na ngearánach a d'fhreagair an suirbhé, i gcatagóirí déimeagrafacha éagsúla.


**(i) Inscne**




**(ii) Aois**




### (iii) Tír Bhunaidh nó Náisiúntacht





- Éire 76%
- An India 1%
- An Bhreatain 8%
- Eile 4%
- An Liotuáin 1%
- An Pholainn 3%
- Stát eile san AE 2%
- An Áise 2%
- Tír eile san Eoraip (Neamh-AE) 1%
- An Rómáin 2%

### (iv) Eitneacht





- Geal 86%
- Gorm 3%
- Áiseach 5%
- Eile 4%
- Lucht Siúil 2%


**(v) Teanga**





**(vi) Míchumas**




### (vii) Reiligiún





### (viii) Stádas Tithíochta



### (ix) Gnóthachtáil Oideachais





### (x) Stádas Fostaíochta




# AGUISÍN 3:
# INSCNE AGUS CÉIM NA nGARDAÍ AB ÁBHAR GEARÁIN IN 2024

Léirítear sna cairteacha a leanas miondealú ar inscne agus ar aois na nGardaí ab ábhar gearán in 2024, sa chás go raibh an fhaisnéis sin ar eolas. Tugann an dá phíchairt cuntas ar líomhaintí ar glacadh leo in 2024.

**(i) Inscne na gcomhaltaí den Gharda Síochána i ngearáin ar glacadh leo in 2024**




**(ii) Céim na gcomhaltaí a bhí i gceist le líomhaintí ar glacadh leo in 2024**



# AGUISÍN 4: SCAIPEADH GEOGRAFACH GEARÁN AGUS LÍOMHAINTÍ

Léirítear sa tábla scaipeadh geografach na ngearán go léir a rinneadh in aghaidh Gardaí in 2024. Léirítear an líon gearán a cinneadh go raibh siad inghlactha, neamh-inghlactha, agus na cinn nach raibh cinntí inghlacthachta déanta ina leith faoin 31 Nollaig 2024. Fágtar as an áireamh 9 ngearán nach raibh rannáin Garda bunaithe dóibh fós faoi dheireadh na bliana.

I Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhí an líon líomhaintí ba mhó a taifeadadh in aghaidh na nGardaí (RCBÁC). Bheifí ag súil leis sin i bhfianaise an dlúthdhaonra agus an leibhéal gníomhaíochta póilíneachta sa phríomhchathair. Laistigh de RCBÁC, bhí na líonta ba mhó i RCBÁC Thuaidh **(182)** agus RCBÁC Thiar **(173).** Ba i RCBÁC Thuaidh agus i RCBÁC Thiar a rinneadh an líon ab airde líomhaintí in 2023.

Lasmuigh de RCBÁC, ba iad An Mhí/An Iarmhí **(141)** agus Gaillimh **(109)** faoi seach na rannáin ina ndearnadh an líon ab airde gearán in aghaidh Gardaí in 2024. Ba i gCathair Chorcaí agus i gCill Dara a rinneadh an líon ab airde líomhaintí lasmuigh de RCBÁC in 2023.

**Tábla L: Gearáin de réir rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath san áireamh)**


| Rannán Garda: | Líon Gearán: | Comhaltaí den Gharda |
|---|---|---|
| An Clár/Tiobraid Árann | 78 | 53 |
| Cathair Chorcaí | 95 | 86 |
| Contae Chorcaí | 97 | 63 |
| Dún na nGall | 63 | 73 |
| Gaillimh | 109 | 66 |
| Ciarraí | 58 | 50 |
| Cill Dara | 86 | 68 |
| Cill Chainnigh / Ceatharlach | 39 | 50 |
| Laois / Uíbh Fhailí | 74 | 59 |
| Luimneach | 92 | 54 |
| Lú / Cabhán / Muineachán | 85 | 89 |
| Maigh Eo / Ros Comáin / An Longfort | 73 | 48 |
| An Mhí / An Iarmhí | 141 | 138 |
| Sligeach / Liatroim | 47 | 36 |
| Port Láirge | 53 | 69 |
| Loch Garman / Cill Mhantáin | 102 | 90 |

**Tábla M: Gearáin de réir rannán Garda - Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC)**


| Rannán Garda: | Líon Gearán: | Comhaltaí den Gharda |
|---|---|---|
| RCBÁC Thoir | 63 | 46 |
| RCBÁC Thuaidh | 182 | 166 |
| RCBÁC Thuaidh-Láir | 99 | 78 |
| RCBÁC Theas | 128 | 88 |
| RCBÁC Theas-Láir | 149 | 127 |
| RCBÁC Thiar | 173 | 159 |
| RCBÁC Trácht | 14 | 12 |
| Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce | 4 | 1 |
| Ceanncheathrú an Gharda Síochána Páirc an Fhionnuisce | 95 | 4 |
| Cearnóg Fhearchair | 16 | 25 |

# AGUISÍN 5:

**Mapa 1: Tarchuir de réir Rannán an Gharda Síochána (gan Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath san áireamh)**




**Mapa 2: Tarchuir de réir rannán Garda - RCBÁC**




NB. Tá an líon iomlán sa tábla thuas beagán níos airde ná an líon iomlán tarchur (37) mar bhain tarchur amháin le Gardaí as níos mó ná rannán amháin.

# GLUAIS TÉARMAÍ AGUS GIORRÚCHÁN

| **Téarma** | **Ciall** |
|---|---|
| An tAcht | Is é Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú, an t-acht príomha lena rialaítear feidhmiú GSOC. Is féidir é a fheiceáil ag: **http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/20/enacted/en/print** |
| Inghlacthacht | Déantar gach gearán a mheas de réir na gcritéar atá leagtha amach in Alt 87 den Acht chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir iad a ghlacadh go dlíthiúil lena n-imscrúdú. |
| Comhairle | Is smachtbhanna é seo, a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm, as sárú ar na Rialacháin Araíonachta – féadfaidh comhairle fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil a chur. |
| Líomhain | Bristear gach gearán síos ina líomhain amháin nó i níos mó, ar iompraíochtaí aonair iad a bhfuiltear ag déanamh gearáin fúthu. Mar shampla, má dúirt duine gur bhrúigh garda é agus gur úsáid sé droch-chaint, is gearán amháin é sin ag a bhfuil dhá líomhain ar leith. |
| Airteagal 2 | Luaitear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) go gcosnófar leis an dlí an ceart atá ag gach duine chun a bheo. |
| Gearán | Léiriú míshástachta a chuireann duine den phobal in iúl do GSOC maidir le hiompar comhalta aonair den Gharda Síochána. D'fhéadfadh líomhain amháin nó níos mó in aghaidh garda amháin nó níos mó a bheith i gceist le gearán. Déantar gach líomhain in aghaidh gach garda a mheasúnú ina haonar ó thaobh inghlacthachta de. |
| 'Prionsabail Veinéise' Chomhairle na hEorpa | Na 'Prionsabail maidir le hInstitiúid an Ombudsman a Chosaint agus a Chur Chun Cinn', a ghlac Coimisiún Veinéise Chomhairle na hEorpa i mí an Mhárta 2019. Coimisiún Chomhairle na hEorpa maidir le Daonlathas tríd an Dlí é Coimisiún na Veinéise, a sholáthraíonn comhairle dlí dá Bhallstáit. Is iad na 25 Phrionsabal Veinéise an chéad shraith neamhspleách de chaighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh institiúidí Ombudsman. |
| Rialacháin Choimeádta | Na Rialacháin fán Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 (An Bhail a Chuirfear ar Dhaoine Faoi Choimeád Stáisiúin an Gharda Síochána), 1987 – rialacháin a bhaineann le coimeád daoine i Stáisiúin Gardaí. Is féidir é a léamh ag **http://www.irishstatutebook.ie/eli/1987/si/119/made/en/print** |
| Rialacháin Araíonachta | Rialacháin an Gharda Síochána (Araíonacht) 2007, arna leasú. Is féidir iad a léamh ag: **http://www.irishstatutebook.ie/eli/2007/si/214/made/en/print** |
| Gníomh Araíonachta | Smachtbhanna a fhéadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána a chur i bhfeidhm tar éis imscrúdaithe. Is ann do dhá leibhéal gnímh dá bhforáiltear leis na Rialacháin Araíonachta. Baineann siad le sáruithe nach bhfuil tromchúiseach agus le sáruithe tromchúiseacha araíonachta faoi seach. |

| | |
|---|---|
| Imeachtaí Araíonachta | Imeachtaí iad seo a fhéadfaidh an Garda Síochána a thionscnamh tar éis imscrúdú araíonachta. Is teorainn dlínse GSOC é a mholadh go ndéanfaí imeachtaí den sórt sin a thionscnamh. Ábhar do Choimisinéir an Gharda Síochána é aon smachtbhanna a d'eascródh dá bharr. |
| RCBÁC | Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| DO | Oifigeach Ainmnithe |
| DPP | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí |
| ECHR | Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine |
| FRTC | Imbhualadh Marfach Tráchta ar Bhóthar |
| GSIO | Oifigeach Imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána |
| GSOC | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána |
| IO | Oifigeach Imscrúdaithe |
| Idirghabháil Áitiúil | Tá d'aidhm leis an bpróiseas idirghabhála áitiúila gearáin áirithe ar leibhéal seirbhíse in aghaidh chomhaltaí den Gharda Síochána a réiteach ar leibhéal áitiúil gan ghá leis an ábhar a chur faoi phróiseas foirmiúil gearán. Déanann cigirí Garda ainmnithe teagmháil leis an ngearánach, faigheann amach na saincheisteanna sa ghearán, agus déanann iarracht nithe a réiteach chun sástachta an ghearánaigh. |
| Airmheánach | Nuair a liostaítear uimhreacha in ord luacha, is é an luach airmheáin an uimhir ag lárphointe an liosta, rud a fhágann gurb ann do dhóchúlacht chothrom go bhfuil uimhir os a cionn nó faoina bun. |
| Comhalta i gceannas | An comhalta den Gharda Síochána atá ainmnithe mar dhuine atá freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán Coimeádta maidir le daoine atá faoi choimeád sa Stáisiún Gardaí. Is féidir le comhalta de chéim ar bith a bheith ar an duine sin. Is féidir an sainmhíniú dlíthiúil iomlán agus liosta de dhualgais an chomhalta i gceannas a fheiceáil ina Ailt 4 agus 5 de na Rialacháin Choimeádta (féach thuas). |
| Coimisiún Ombudsman | An triúr Coimisinéirí de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. |
| As am | Gearán a dhéantar níos mó ná dhá mhí dhéag tar éis an teagmhais a bhfuiltear ag déanamh gearán faoi. |
| PDA | An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014. |
| PD/PDU | Nochtadh Cosanta/An tAonad um Nochtadh Cosanta. |
| An tAcht PSSP | Achtaíodh an tAcht Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail i mí Feabhra 2024. Tá téacs an Achta le fáil ar **www.irishstatutebook.ie.** |
| Ceartas aisiríoch | Tarlaíonn ceartas aisiríoch nuair a chomhaontaíonn íospartach coire agus an ciontóir cumarsáid a dhéanamh maidir lenar tharla. Is próiseas deonach é agus ní mór don dá pháirtí comhaontú leis. Tugann an chumarsáid deis don íospartach an tionchar a bhí ag an gcoir orthu a chur in iúl don chiontóir agus tugtar deis don chiontóir an éagóir a rinne siad a admháil agus freagracht a ghlacadh as a ngníomhartha. Ullmhaíonn duine neamhspleách tuarascáil ar thoradh na cumarsáide. Cuirtear an tuarascáil sin faoi bhráid na Cúirte. |
| Triail achomair | Triail achomair atá ann nuair is féidir cás a éisteacht sa Chúirt Dúiche nó na Chúirt Chuarda, ach nuair a ordaíonn an DPP gur cheart an t-ábhar a éisteacht sa Chúirt Dúiche. Éisteann an Breitheamh le hachoimre ar na fíorais agus má chomhaontaíonn an Breitheamh leis an DPP, fanfaidh an t-ábhar sa Chúirt Dúiche. |

Garda
Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Coimisiun Ombudsman an Gharda Síochána, 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 FT73
Garda Síochána Ombudsman Commission, 150 Upper Abbey St, Dublin 1, D01 FT73
Teil: (01) 871 6727 Íosghlao: 0818 600 800 Faics: (01) 814 7023 Rphost: info@gsoc.ie Gréasán: www.gardaombudsman.ie